Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 23 Márta 2022
(OR. en)

7406/22

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2022/0090(COD)**

**ENER 95**
**ENV 250**
**CLIMA 118**
**IND 81**
**RECH 146**
**COMPET 168**
**ECOFIN 248**
**CODEC 333**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 23 Márta 2022 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2022) 135 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialachán (AE) 2017/1938 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le bearta chun slándáil an tsoláthair gáis a choimirciú agus Rialachán (CE) Uimh. 715/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le coinníollacha le haghaidh rochtana ar na gréasáin gáis nádúrtha |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2022) 135 final.

---

Faoi iamh: COM(2022) 135 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 23.3.2022
COM(2022) 135 final

2022/0090 (COD)

Togra le haghaidh

# RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

**lena leasaítear Rialachán (AE) 2017/1938 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le bearta chun slándáil an tsoláthair gáis a choimirciú agus Rialachán (CE) Uimh. 715/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le coinníollacha le haghaidh rochtana ar na gréasáin gáis nádúrtha**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

## MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

### • Forais agus cuspóirí an togra

*a) Slándáil an tsoláthair*

Maidir leis na bagairtí a d'fhéadfadh a bheith ann do shlándáil an tsoláthair gáis san Aontas, bagairtí a bhaineann go príomha le spleáchas an Aontais ar fhuinneamh príomhúil ó thríú tíortha, spreag na bagairtí sin ullmhúcháin cheana féin chun dul i ngleic le dúshláin bhreise. Le tabhairt isteach an Chomhaontaithe Ghlais don Eorpa go háirithe, le bonneagar GNL a uasghrádú agus a leathnú agus le héagsúlú foinsí agus bealaí gáis phíblíne, tá bearta tábhachtacha déanta cheana féin chun teaghlaigh agus fiontair a chosaint ar shuaití soláthair.

Leis an teannas idirnáisiúnta, leagadh béim ar an ngá atá le pleananna agus gníomhaíochtaí a chur chun cinn a bhfuil sé d'aidhm acu an tAontas a bheith níos neamhspleáiche ó thríú tíortha. Le dlús a chur leis an aistriú glas, laghdófar astaíochtaí, laghdófar an spleáchas ar bhreoslaí iontaise allmhairithe agus tabharfar cosaint ar arduithe ar phraghsanna. Mar sin féin, mar gheall ar an staid gheopholaitiúil atá ann faoi láthair, tá gá le bearta breise gearrthéarmacha chun dul i ngleic le míchothromaíochtaí sa mhargadh don fhuinneamh agus chun soláthairtí a áirithiú sna blianta amach romhainn. Ós rud é go bhféadfadh briseadh i soláthar gáis phíblíne tarlú tráth ar bith, tugtar isteach bearta chun beartas árachais a thabhairt isteach maidir le leibhéal líonta shaoráidí stórála an Aontais. Le stóráil gáis atá líonta go maith rannchuidítear le soláthairtí gáis níos sláine don gheimhreadh 2022/2023.

*b) Ról na stórála agus na fadhbanna atá ann faoi láthair*

Rannchuidíonn stóráil gáis le slándáil an tsoláthair trí sholáthar breise a chur ar fáil i gcás móréilimh nó bristeacha sa soláthar; is ó stóráil gáis a thagann 25-30 % den ghás a ídítear le linn an gheimhridh. Le linn an tséasúir téimh, laghdaíonn an stóráil an gá le gás breise a allmhairiú. Rannchuidíonn an stóráil le suaití soláthair a mhaolú.

Le 6 mhí anuas, tá méadú mór tagtha ar phraghsanna gáis de bharr margadh gáis neamhchothrom a bheith ann. Bhí leibhéal líonta stórála an Aontais le linn an gheimhridh faoi bhun leibhéal na mblianta roimhe sin – 10 % níos lú i bpointí céatadáin i mí Eanáir. Tá méadú tagtha ar an éiginnteacht maidir le slándáil an tsoláthair agus maidir le luaineacht praghsanna. Tá d'aidhm ag an togra seo aghaidh a thabhairt ar na trí fhadhb níos sonraí thíos:

– Tá an difríocht idir praghsanna gáis sa samhradh agus sa gheimhreadh tábhachtach chun stóráil gáis a mhealladh. I bhfianaise na bhforbairtí geopholaitiúla atá ar siúl faoi láthair agus na bpraghsanna arda fuinnimh, níl sé iontaofa meastachán a dhéanamh ar an samhradh/an geimhreadh a bhfuil coinne leis. Táthar ag súil go mbeidh fadhbanna ar leith ag baint leis an gcás roimh an ngeimhreadh seo chugainn, mar d'fhéadfadh praghsanna a bheith níos airde sa samhradh ná mar a bheidh sa gheimhreadh. Táthar ag súil go dtiocfaidh as sin staid nach mbeidh an stóráil tarraingteach do rannpháirtithe sa mhargadh agus gur gá líonadh a áirithiú le hidirghabhálacha poiblí, lena n-áirítear tacaíocht airgeadais chun úsáid stórála a dhreasú.

– Rinne an Coimisiún agus an Grúpa Comhordaithe Gáis anailís ullmhachta riosca athneartaithe ar fud an Aontais i mí Feabhra 2022. Tugadh le fios san anailís go raibh an geimhreadh 2021/2022 sábháilte ar deireadh ach go bhféadfadh an baol a bheith ann nach mbeadh dóthain gáis á stóráil roimh an ngeimhreadh seo chugainn in 2022/2023. Bheadh gá le hinstealladh láithreach amhail ó thús an tséasúir líonta chun

na hacmhainní stórála a bharrfheabhsú thar an séasúr líonta (Aibreán 2022). Laghdódh gníomhaíochtaí luatha den sórt sin na rioscaí a bhaineann le scrogaill nuair a bheadh an stóráil á líonadh le linn idirbhristeacha a d'fhéadfadh a bheith ann ón Oirthear, rud a d'éileodh gás a iompar go láithreáin stórála ó bhealaí eile.

– Léiríodh go bhfuil na leibhéil stórála gáis in 2021/2022 an-íseal ag suíomhanna ar le heintitis tríú tíortha iad. Is é sin is cúis le beagnach leath den leibhéal stórála íseal i mbliana atá neamhghnách. Is sócmhainní straitéiseacha iad saoráidí stórála agus tá siad ríthábhachtach do shlándáil soláthair an Aontais agus a Bhallstát. Le rialú agus úsáid saoráidí stórála ag eintitis tríú tíortha, d'fhéadfaí rioscaí a chruthú maidir le slándáil an tsoláthair, tionchar a imirt ar leasanna slándála fíor-riachtanacha eile, agus an bonn a bhaint tuilleadh de neamhspleáchas straitéiseach an Aontais.

*c) Cuspóirí an togra*

Is é is aidhm don togra seo aghaidh a thabhairt ar na rioscaí suntasacha do shlándáil an tsoláthair agus do gheilleagar an Aontais mar thoradh ar an staid gheopholaitiúil atá athraithe go mór. Is é is aidhm don togra, go háirithe, a áirithiú nach bhfanann acmhainní stórála san Aontas gan úsáid, acmhainní atá ríthábhachtach chun slándáil an tsoláthair a áirithiú, chun a áirithiú gur féidir stóráil a roinnt ar fud an Aontais, de mheon dlúthpháirtíochta.

Chun na críche sin, neartóidh íosleibhéal éigeantach gáis i saoráidí stórála slándáil an tsoláthair roimh gheimhreadh 2022/2023 agus le haghaidh na dtréimhsí geimhridh ina dhiaidh sin. Le deimhniú éigeantach oibreoirí córais stórála, áiritheofar gur féidir rioscaí a eisiamh a d'fhéadfadh a bheith ann do shlándáil an tsoláthair, rioscaí a eascraíonn as tionchar ar an mbonneagar stórála criticiúla. Ar deireadh, dreasófar úsáid stórála trí chead a thabhairt d'úsáideoirí stórála díolúine a thabhairt d'úsáideoirí stórála ó tharaifí tarchurtha ag pointí iontrála nó scoir stórála.

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

Leasaítear leis an togra seo dhá rialachán atá ann faoi láthair, Rialachán (AE) 2017/1938 maidir le bearta chun slándáil an tsoláthair gáis a choimirciú agus Rialachán (AE) Uimh. 715/2009 maidir le coinníollacha le haghaidh rochtana ar na gréasáin gáis nádúrtha. Cuireann sé leis an gcreat atá ann faoi láthair maidir le slándáil an tsoláthair gáis agus le rialacha an mhargaidh inmheánaigh gáis, agus cuirtear leis na bearta breise is gá chun slándáil an tsoláthair gáis nádúrtha san Aontas a áirithiú i gcomhthéacs na géarchéime tromchúisí fuinnimh de bharr athruithe a tharla le déanaí ar an staid gheopholaitiúil.

Maidir leis na rialacha atá beartaithe i dtaca le spriocanna líonta stórála éigeantacha, baineann siad le togra maidir le húsáid stórála a áiríodh in Airteagal 67 den Togra ón gCoimisiún le haghaidh Rialacháin maidir leis na margaí inmheánacha i ngáis in-athnuaite agus gáis nádúrtha agus sa hidrigin an 15 Nollaig 2021[1]. Beartaíodh san Airteagal seo Airteagal 7(b) nua a chur isteach i Rialachán (AE) 2017/1938 chun na Ballstáit a dhreasú bearta áirithe a bhaineann le stóráil a úsáid chun slándáil an tsoláthair a fheabhsú, gan oibleagáid stórála éigeantach a thabhairt isteach. Mar sin féin, ós rud é gur tháinig athrú suntasach ar an staid gheopholaitiúil ó bhí mhí na Nollag 2021 ann, is ríthábhachtach iad bearta feabhsaithe chun slándáil an tsoláthair a áirithiú. Rinne an Coimisiún, i gcomhar leis an nGrúpa Comhordaithe Gáis, anailís riosca tiomnaithe inar léiríodh go bhfuil géarghá le rialacha níos déine chun a áirithiú go mbainfear úsáid níos fearr as saoráidí stórála san Aontas.

[1] COM/2021/804 final.

Maidir le caibidlíocht phras ar an Togra cuimsitheach le haghaidh Rialacháin maidir leis na margaí inmheánacha i ngáis in-athnuaite agus gáis nádúrtha agus sa hidrigin an 15 Nollaig 2021, tá sí ríthábhachtach don Chomhaontú Glas agus chun spleáchas na hEorpa ar ghás iontaise a ísliú Ionas nach gcuirfear isteach ar phróiseas na caibidlíochta maidir le togra an 15 Nollaig 2021, déantar an togra le haghaidh rialacha chun feabhas a chur ar na leibhéil stórála a líonadh i bhfoirm Rialachán ar leithligh, atá teoranta do thrí leasú dhea-dhírithe (oibleagáid maidir le líonadh stórála, deimhniú stórála agus lacáiste taraife). Leis an togra gearr spriocdhírithe, ba cheart an Chomhairle agus an Pharlaimint a bheith in ann é a ghlacadh laistigh de thréimhse ghearr ama, ós rud é go bhfuil géarghá le rialacha nua chun an líonadh stórála áirithiú tráth ina bhfuil ardú as cuimse ag teacht ar phraghsanna fuinnimh.

Chun coinbhleacht dhlíthiúil idir Airteagal 67 den Togra le haghaidh Rialacháin maidir leis na margaí inmheánacha i ngáis in-athnuaite agus gáis nádúrtha agus sa hidrigin an 15 Nollaig 2021 agus an togra reatha a sheachaint, beidh bailíocht an rialacháin atá beartaithe teoranta go dtí go dtiocfaidh an Rialachán athmhúnlaithe (AE) ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle i bhfeidhm maidir leis na margaí inmheánacha i ngáis in-athnuaite agus gáis nádúrtha agus sa hidrigin , bunaithe ar an togra ón gCoimisiún an 15 Nollaig 2021.

Na forálacha a bhaineann le stóráil a líonadh sa togra seo, tá sé i gceist iad a ghlacadh a luaithe is féidir chun a n-éifeachtacht a áirithiú roimh thús an tséasúir téimh i mí Dheireadh Fómhair 2022. D'fhéadfaí iad a chomhtháthú go héasca ag céim níos déanaí sa Rialachán maidir leis na margaí inmheánacha i ngáis in-athnuaite agus gáis nádúrtha agus sa hidrigin.

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Tá an togra comhsheasmhach le tacar níos leithne tionscnamh chun athléimneacht fuinnimh an Aontais a fheabhsú agus chun ullmhúchán a dhéanamh in aghaidh éigeandálaí a d'fhéadfadh a bheith ann, go háirithe na tograí 'oiriúnach do 55' ón gCoimisiún, go háirithe an t-athbhreithniú ar an Tríú Pacáiste Fuinnimh don ghás (Treoir 2009/73/AE agus Rialachán 715/2009/AE) atá ceaptha chun margaí gáis dícharbónaithe iomaíocha a rialáil agus chun earnáil fuinnimh inbhuanaithe a chruthú don fhadtéarma, chun leasa thomhaltóirí na hEorpa.

I mí Dheireadh Fómhair 2021, chuir an Coimisiún Eorpach Teachtaireacht i láthair chun bearta iomchuí a achtú agus chun tacú leo chun tionchar na bpraghsanna fuinnimh atá ag ardú a mhaolú. Déantar foráil sa Teachtaireacht freisin maidir le bearta chun fuinneamh inacmhainne agus leibhéal leordhóthanach stórála a chinntiú, rud a fhágfaidh go mbeidh an tAontas Eorpach níos athléimní in aghaidh suaití amach anseo.

Tar éis na bhforbairtí geopholaitiúla a tharla le déanaí, i mí an Mhárta 2022, d'eisigh an Coimisiún Teachtaireacht 'REPowerEU' le haghaidh Gníomhaíocht Chomhpháirteach Eorpach le haghaidh fuinneamh níos inacmhainne, níos sláine agus níos inbhuanaithe. De réir na Teachtaireachta REPowerEU, déanfaidh an Coimisiún togra reachtach lena áirithiú go mbeidh leibhéal stórála cuí bliantúil ann faoin ngeimhreadh seo chugainn. Cuireadh i dtábhacht sa Teachtaireacht ní hamháin an gá práinneach atá le saoráidí stórála a líonadh san Aontas, ach soiléiríodh freisin gur féidir leas a bhaint as státchabhair le haghaidh tacaíocht airgeadais a thabhairt chun an stóráil a líonadh[2].

[2] COM(2022) 108 final, roinn 1.2: *'Chun an t-athlíonadh a dhreasú, féadfaidh na Ballstáit cabhair a thabhairt do sholáthróirí faoi Airteagal 107(3)(c) CFAE, mar shampla i bhfoirm ráthaíochtaí ('conradh difríochta dhá threo').*

## 2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí**

Leis an togra seo leasaítear Rialachán (AE) 2017/1938 a bhí bunaithe ar Airteagal 194(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh. Leasaítear leis freisin Rialachán (AE) 715/2009, a bhí, toisc nach raibh an Conradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh i bhfeidhm an tráth sin, bunaithe ar Airteagal 95 den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh, arb é Airteagal 114 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh anois é. Tá an togra seo bunaithe ar Airteagal 194(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

- **Coimhdeacht (i gcás inniúlacht neamheisiach)**

Tá bearta beartaithe an tionscnaimh reatha seo i gcomhréir go hiomlán le prionsabal na coimhdeachta. Mar gheall ar an riosca agus an tionchar suntasach a d'fhéadfadh a bheith ar idirbhriseadh sa soláthar gáis ar fud an Aontais, tá gá le gníomhaíocht ar leibhéal an Aontais.

I bhfianaise chineál gan fasach na géarchéime soláthair gáis agus na n-éifeachtaí trasteorann a bhaineann léi, agus ós rud é go bhfuil tíortha an Aontais nasctha trí ghréasán comhpháirteach gáis, tá údar le gníomhaíocht ar leibhéal an Aontais, ós rud é nach féidir leis na Ballstáit astu féin aghaidh a thabhairt ar bhealach comhordaithe ar an mbaol go mbeidh deacrachtaí tromchúiseacha eacnamaíocha ann mar thoradh ar shuaitheadh suntasach soláthair. Is le gníomhaíocht AE a spreagtar le meon dlúthpháirtíochta idir na Ballstáit, agus leis sin amháin, is féidir ullmhacht éifeachtach a áirithiú i gcoinne idirbhriseadh i soláthar, rud a d'fhágfadh díobháil mharthanach do shaoránaigh agus don gheilleagar.

- **Comhréireacht**

Comhlíonann an tionscnamh prionsabal na comhréireachta. I bhfianaise na staide geopholaitiúla gan fasach agus na bagartha suntasaí do thomhaltóirí agus do gheilleagar an Aontais i gcás idirbhriseadh sa soláthar gáis, is léir go bhfuil gá le gníomhaíocht chomhordaithe phráinneach. In ainneoin na práinne, cuirtear san áireamh sa togra go mbeidh roinnt ama ag teastáil ó na Ballstáit chun na bearta riachtanacha a bhunú chun a áirithiú go líonfar an stóráil. Dá bhrí sin, déantar foráil sa togra maidir le sásra 'céim isteach', ie rialacha nach bhfuil chomh dian sin don bhliain 2022 ná do na blianta ina dhiaidh sin (e.g. sprioc líonta níos ísle, níos lú spriocanna idirmheánacha, oibleagáid ar an gCoimisiún an teorainn ama cur i bhfeidhm a chur san áireamh ina fhorfheidhmiú). Dá bhrí sin, ní théann an togra thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí a leagtar síos san ionstraim atá ann faoi láthair a bhaint amach. Meastar go bhfuil na bearta atá beartaithe comhréireach agus go gcuireann siad, a mhéid is féidir, leis na cineálacha cur chuige atá ann cheana. Leis an tacaíocht a thugtar do bhearta dlúthpháirtíochta agus don cheanglas maidir le líona stórála, áirithítear go héifeachtach go n-íoslaghdófar rioscaí i dtaca le slándáil an tsoláthair ar an leibhéal réigiúnach. Rinneadh breithniú cúramach ar an rogha maidir leis an leibhéal líonta is gá. Pléadh é le páirtithe leasmhara faoi chuimsiú an Ghrúpa Comhordaithe Gáis agus tar éis dianchomhairliúcháin le saineolaithe earnála agus leis na Ballstáit. De réir na gcomhairliúchán sin, is leibhéal riachtanach iomchuí é an ráta líonta 90 % atá beartaithe chun slándáil an tsoláthair a áirithiú le linn an gheimhridh i gcás ina gcuirfí isteach go mór ar an soláthar, gan ualach iomarcach a chur ar na Ballstáit, ar chuideachtaí fuinnimh nó ar shaoránaigh.

- **An rogha ionstraime**

Is togra é seo chun dhá rialachán, Rialachán (AE) 2017/1938 agus Rialachán (AE) 715/2009, a leasú, dá bhrí sin is Rialachán leasaitheach an ionstraim a roghnaítear. Ós rud é nach athbhreithniú iomlán é seo ar cheachtar den dá Rialachán, ní mheastar gurb iomchuí athmhúnlú a dhéanamh.

## 3. TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ EX POST, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Mar gheall ar an bpráinn a bhaineann leis an togra, a dhéantar mar fhreagairt do ghéarchéim gheopholaitiúil gan choinne agus is gá an togra a ghlacadh mar ábhar práinne chun a áirithiú go mbeadh stóráil líonta ann roimh an séasúr téimh, níor mhór na comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara a choimeád níos neamhfhoirmiúla. Mar sin féin, rinneadh comhairliúcháin spriocdhírithe le páirtithe leasmhara, lena n-áirítear tríd an nGrúpa Comhordaithe Gáis, chomh maith leis an iliomad comhairliúchán déthaobhach a dhéanamh le príomhpháirtithe leasmhara, saineolaithe earnála agus na Ballstáit.

D'fhoilsigh an Coimisiún a Theachtaireacht COM(2022) 108 final 'REPowerEU: Gníomhaíocht Chomhpháirteach Eorpach ar mhaithe le fuinneamh níos inacmhainne, níos sláine agus níos inbhuanaithe' an 8 Márta 2022, inar leagadh amach príomhábhar an togra reatha maidir le bearta líonta stórála agus lenar ceadaíodh cheana féin comhairliúchán leis na páirtithe leasmhara ábhartha maidir leis na bearta atá beartaithe. De réir an doiciméid sin, bhí an deis ag gach páirtí leasmhar – mar shampla údaráis, páirtithe leasmhara agus saoránaigh – tuairim a thabhairt ar chur chuige reachtach an Choimisiúin, mar atá leagtar amach sa Teachtaireacht.

- **Bailiú agus úsáid saineolais**

Ós rud é go bhfuil an togra íogair agus práinneach ó thaobh na polaitíochta de, níor coimisiúnaíodh aon saineolas seachtrach seachas na comhairliúcháin fhorleathana le páirtithe leasmhara.

- **Measúnú tionchair**

Ós rud é go bhfuil an togra íogair ó thaobh na polaitíochta de agus go bhfuil sé práinneach, ní dhearnadh aon mheasúnú tionchair ach rinneadh anailís ullmhachta riosca athneartaithe ar fud an Aontais (féach thuas) agus rinneadh comhairliúcháin spriocdhírithe.

Rinneadh measúnú ar na bearta maidir le líonadh stórála agus ar na roghanna féideartha eile ann agus rinneadh iad a phlé go dian leis na páirtithe leasmhara roimh an togra, go háirithe sa Ghrúpa Comhordaithe Gáis[3].

Le linn chruinniú an Ghrúpa Comhordaithe Gáis an 23 Feabhra 2022, chuir na rannpháirtithe in iúl gur cheart bearta a ghlacadh a luaithe is féidir chun an stóráil a athlíonadh roimh an ngeimhreadh seo chugainn. Díríodh na hidirghabhálacha ar bhealaí chun an líonadh a chur chun cinn, agus leas á bhaint as sásraí margaidh nuair is féidir, an leibhéal líonta atá le baint amach, an bealach chun an stóráil a mhaoiniú, lena n-áirítear státchabhair a d'fhéadfadh a bheith ann, agus an bealach chun comhordú a dhéanamh idir na Ballstáit.

---

3 Clár ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin agus eintiteas comhchosúil eile (europa.eu).

Ag an gcruinniú a bhí ag an nGrúpa Comhordaithe Gáis an 11 Márta 2022, chuir an Coimisiún na bearta stórála a bheartaítear sa togra seo i láthair, agus leagtar amach iad i dTeachtaireacht REPowerEU. Ba dhíol sásaimh don Ghrúpa an Teachtaireacht agus thug sé barúil faoin spriocdháta chun an stóráil a líonadh, an tsolúbthacht chun an sprioc a bhaint amach i ngach Ballstát, na dreasachtaí a d'fhéadfadh a bheith ann d'oibreoirí margaidh, agus bealaí chun an comhar a fheabhsú.

- **Cearta bunúsacha**

Leis an mbeart sin, beifear in ann tacaíocht a thabhairt do roinnt de na custaiméirí is leochailí, go háirithe dóibh siúd atá faoi bhochtaineacht fuinnimh cheana féin.

## 4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

An tionchar buiséadach ar bhuiséad an Aontais a ghabhann leis an togra seo, baineann sé le hacmhainní daonna agus le caiteachais riaracháin eile Ard-Stiúrthóireacht (AS) an Choimisiúin Eorpaigh um Fhuinneamh.

Leagtar amach sa togra ollstruchtúr nua feabhsaithe maidir le slándáil an tsoláthair gáis, ina bhfuil oibleagáidí nua ar na Ballstáit agus, dá réir sin, ról treisithe d'Ard-Stiúrthóireacht an Fhuinnimh i raon leathan réimsí – eadhon:

- Bainistiú foriomlán agus cur chun feidhme an Rialacháin (1 FTE),
- Bainistiú ról treisithe an Ghrúpa Comhordaithe Gáis (0.5 FTE),
- Faireachán ar rátaí líonta agus gnéithe cur chun feidhme teicniúil a shainiú, amhail conairí a líonadh (lena n-áirítear anailís eacnamaíoch agus theicniúil agus bainistiú sonraí) (1.5 FTE),
- Cur chun feidhme dlíthiúil na mbeart dá bhforáiltear in Airteagal 6ú(7) nua (meán bliantúil measta: 5 chinneadh rabhaidh; 2 chinneadh maidir le bearta atá ina roghanna deiridh.) (2 FTE), (2 FTE),
- An t-ardán GNL a bhainistiú dá bhforáiltear san Airteagal nua 6b(1) (5 FTE),
- Measúnú ar na fógraí maidir le comhroinnt dualgas dá bhforáiltear in Airteagal 6c (1 FTE),
- Tuairim maidir le hoibreoirí córais stórála a dheimhniú (3 FTE),
- Tacaíocht riaracháin (1 FTE).

Chun na freagrachtaí nua thuasluaite a chur chun feidhme, is gá, dá bhrí sin, acmhainní daonna Ard-Stiúrthóireacht an Fhuinnimh a atreisiú le 12 FTE breise ar bhonn buan móide 3 FTE shealadacha a bheidh dírithe go sonrach ar an deimhniú go dtí go gcuirfear an próiseas sin i gcrích.

Ina theannta sin, beidh leithreasaí breise riaracháin ag teastáil i measc na mBallstát chun an rialachán leasaitheach seo a chur chun feidhme, a chomhordú agus obair leantach a dhéanamh air mar seo a leanas: € 150,000 in aghaidh na bliana le haghaidh misean agus cruinnithe saineolaithe (go sonrach: an Grúpa Comhordaithe Gáis)

## 5. EILIMINTÍ EILE

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

Le hAirteagal 1 leasaítear Rialachán (AE) 2017/1938.

le hAirteagal 1(1), cuirtear sainmhínithe le hAirteagal 2 de Rialachán (AE) 2017/1938, lena sainmhínítear ‘conair líonta’, ‘sprioc líonta’, ‘stóráil straitéiseach’ agus ‘stoc straitéiseach’.

In Airteagal 1(2) cuirtear isteach Airteagail nua 6a go 6d.

– Airteagal 6(a). Leis an bhforáil nua sin, ceanglófar ar na Ballstáit a áirithiú go ndéanfar, i bprionsabal, na bonneagair stórála ina gcríoch a líonadh suas go dtí 90 % ar a laghad dá n-acmhainn ar leibhéal na mBallstát faoin 1 Samhain gach bliain, agus go mbeidh spriocanna idirmheánacha ag gach Ballstát i mí Feabhra, i mí na Bealtaine, i mí Iúil agus i mí Mheán Fómhair. Beidh feidhm ag sprioc níos ísle agus ag conair líonta éagsúil don bhliain 2022, agus é á chur san áireamh go bhfuil teorainn ama ag na Ballstáit leis an Rialachán seo a chur chun feidhme. Tá sainordú ag an gCoimisiún a áirithiú go gcomhlíontar na spriocanna líonta i gcás nach mbaintear spriocanna idirmheánacha amach.

– In Airteagal 6b leagtar amach na bearta a dhéanfaidh na Ballstáit chun a áirithiú go mbainfear amach na spriocanna éigeantacha maidir le líonadh de bhun Airteagal 6a.

– Airteagal 6c. Tugtar isteach sásra comhroinnte dualgais, mar cé nach bhfuil saoráidí stórála ag na Ballstáit uile ina gcríocha féin, bainfidh gach Ballstát tairbhe as leibhéal ard líonta ráthaithe a bheith acu, i dtéarmaí an luacha árachais in aghaidh rioscaí a bhaineann le slándáil an tsoláthair agus éifeachtaí laghdaithe praghsanna sa gheimhreadh.

– Airteagal 6d. Leis an bhforáil nua sin déantar foráil maidir le hionstraimí éifeachtacha chun faireachán a dhéanamh ar na hoibleagáidí líonta nua agus treisítear ról an Ghrúpa Comhordaithe Gáis dá dtugtar sainordú sainráite faireachán a dhéanamh ar fheidhmíocht na mBallstát i réimse shlándáil an tsoláthair gáis, agus chun dea-chleachtais a fhorbairt ar an mbonn sin. Leis na pleananna náisiúnta fuinnimh agus aeráide nuashonraithe agus na tuarascálacha comhtháite náisiúnta ar dhul chun cinn maidir le fuinneamh agus aeráid arna nglacadh de bhun Airteagal 17 de Rialachán 2018/1999, léireofar an dul chun cinn maidir leis na conairí líonta agus na spriocanna líonta, agus na beartais agus na bearta atá beartaithe chun é sin a bhaint amach.

Le hAirteagal 2 leasaítear Rialachán (AE) 715/2009.

Le hAirteagal 2(1) cuirtear isteach Airteagal 3ú nua maidir le deimhniúchán oibreoirí córas stórála, faoina ndeimhneoidh Ballstáit gach gnóthas ar leo oibreoir córais stórála, lena n-áirítear oibreoirí córas tarchurtha, chun a áirithiú nach gcuirfidh úinéir an oibreora córais stórála slándáil an tsoláthair fuinnimh san Aontas ná in aon Bhallstát i mbaol.

In Airteagal 2(2), cuirtear mír dheireanach nua le hAirteagal 13, lena gcuirtear lascaine 100 % i bhfeidhm ar tharaifí tarchurtha atá bunaithe ar acmhainn ag pointí iontrála agus pointí scoir na saoráidí stórála.

Baineann Airteagal 3 le teacht i bhfeidhm.

2022/0090 (COD)

Togra le haghaidh

**RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**lena leasaítear Rialachán (AE) 2017/1938 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le bearta chun slándáil an tsoláthair gáis a choimirciú agus Rialachán (CE) Uimh. 715/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le coinníollacha le haghaidh rochtana ar na gréasáin gáis nádúrtha**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint d’Airteagal 194(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Cé gur tharla idirbhristeacha gearrthéarmacha sa soláthar gáis san am a chuaigh thart, tá roinnt tosca ag baint leis an staid reatha a fhágann go bhfuil sé éagsúil le géarchéimeanna a bhí ann roimhe a bhain le slándáil soláthair. De bharr ghéarú na coinbhleachta armtha san Úcráin ó bhí mí Feabhra 2022 ann, tá méadaithe tagtha ar phraghsanna nach bhfacthas riamh roimhe. Mar gheall ar na méaduithe sin ar phraghsanna, is dócha go n-athrófar ó bhonn na dreasachtaí chun saoráidí stórála san Aontas a líonadh. Sa chomhthéacs geopholaitiúil atá ann faoi láthair, ní féidir tuilleadh suaite sa soláthar a chur as an áireamh a thuilleadh. D’fhéadfadh sé sin díobháil a dhéanamh do shaoránaigh agus do gheilleagar an Aontais, ós rud é go bhfuil an tAontas fós ag brath go mór ar sholáthairtí seachtracha gáis ar féidir leis an gcoinbhleacht difear a dhéanamh dóibh.

(2) Tá cineál agus iarmhairtí na n-imeachtaí sin ar scála mór agus ar fud an Aontais agus dá bhrí sin éilítear freagairt chuimsitheach. Ba cheart tosaíocht a thabhairt sa fhreagairt sin do bhearta lenar féidir slándáil an tsoláthair a threisiú ar leibhéal an Aontais, go háirithe maidir le custaiméirí atá faoi chosaint. Dá bhrí sin, tá sé ríthábhachtach go ngníomhaíonn an tAontas ar bhealach comhordaithe chun rioscaí a d'fhéadfadh teacht as idirbhriseadh féideartha sa soláthar gáis a sheachaint.

(3) Leis an stóráil gáis, rannchuidítear le slándáil an tsoláthair trí sholáthar breise a chur ar fáil sa chás ina bhfuil éileamh mór nó suaitheadh sa soláthar; agus is é soláthairtí daingne gáis an toradh a bhíonn ar an stóráil gáis atá líonta go maith. Ós rud é go bhféadfadh suaitheadh sa soláthar gáis tarlú aon uair, ní mór bearta a thabhairt isteach maidir le leibhéal líonta láithreáin stórála an Aontais chun an soláthar a áirithiú le haghaidh Gheimhreadh 2022/2023.

(4) Le Rialachán (AE) 2017/1938 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[4] tugadh isteach sásraí dlúthpháirtíochta a ceapadh chun aghaidh a thabhairt ar ghéarstaideanna ina bhfuil soláthar do chustaiméirí atá faoi chosaint mar bhunriachtanas slándála agus mar thosaíocht riachtanach, ina bhfuil an soláthar sin i mbaol i mBallstát. I gcás éigeandáil Aontais, ba cheart a áirithiú le freagairt láithreach go bhfuil na Ballstáit in ann cosaint fheabhsaithe a chur ar fáil do chustaiméirí.

(5) Léirigh tionchar na coinbhleachta armtha ag teorainneacha an Aontais nach bhfuil na rialacha atá ann faoi láthair maidir le slándáil an tsoláthair curtha in oiriúint, áfach, d'fhorbairtí geopholaitiúla móra tobanna, i gcás ina bhfuil ganntanas soláthair agus buaiceanna praghsanna, ní hamháin mar thoradh ar chliseadh an bhonneagair nó ar dhálaí adhaimsire, ach chomh maith leis sin, mar shampla, ó theagmhais mhóra idirnáisiúnta a tharlaíonn d'aon ghnó agus ó idirbhristeacha níos marthanaí nó ó idirbhristeacha tobanna i soláthar. Dá bhrí sin, is gá aghaidh a thabhairt ar na rioscaí tobanna méadaitheacha atá ann mar thoradh ar na hathruithe ar an staid gheopholaitiúil atá ann faoi láthair.

(6) De réir anailís an Choimisiúin ar bhearta leormhaithe chun soláthairtí gáis a áirithiú, *inter alia*, anailís athneartaithe ar fud an Aontais maidir le riosca-ullmhacht a rinne an Coimisiún agus an Grúpa Comhordaithe Gáis i mí Feabhra 2022, is iomchuí go n-áiritheodh na Ballstáit, i bprionsabal, go líonfar na bonneagair stórála ina gcríoch suas go 90 % ar a laghad dá n-acmhainn ar leibhéal na mBallstát faoin 1 Samhain, agus go mbeidh spriocanna idirmheánacha ag gach Ballstát i mí na Bealtaine, i mí Iúil, i mí Mheán Fómhair agus i mí Feabhra na bliana dár gcionn. Tá gá leis sin chun a áirithiú go mbeidh cosaint leormhaith ag tomhaltóirí na hEorpa ar ghanntanais soláthair. Maidir le 2022, beidh feidhm ag sprioc líonta níos ísle, sprioc dar céatadán 80 %, agus ag líon laghdaithe spriocanna idirmheánacha (Lúnasa, Meán Fómhair agus Deireadh Fómhair), agus é á chur san áireamh nach mbeidh an Rialachán infheidhme ach amháin tar éis thús an tséasúir líonta gáis agus go bhfuil teorainn ama ag na Ballstáit don Rialachán seo a chur chun feidhme.

(7) Le córas 'conair líonta' beifear in ann faireachán leanúnach a dhéanamh i gcaitheamh an tséasúir líonta (ón 1 Aibreán go dtí an 30 Meán Fómhair). Ó 2023 ar aghaidh déanfar faireachán sonrach ar an stóráil i mí Feabhra ('pointe rialaithe mhí

[4] Rialachán (AE) Uimh. 2017/1938 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2017 maidir le bearta chun slándáil an tsoláthair gáis a choimirciú agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 994/2010 (IO L 280, 28.10.2010, lch. 1).

Feabhra') chun aistarraingt thobann gáis i lár an gheimhridh a sheachaint, rud a d'fhéadfadh a bheith ina siocair le dúshláin maidir le slándáil soláthair roimh dheireadh an gheimhridh.

(8) Is féidir leis an gCoimisiún an sprioc líonta agus an chonair líonta a choigeartú ó 2023 ar aghaidh, trí bhíthin gníomh tarmligthe, agus ionsamhlúcháin bhliantúla ENTSO-G agus an anailís chomhchoiteann atá le déanamh ag na grúpaí riosca réigiúnacha a shainítear i Rialachán (AE) 2017/1938 á gcur san áireamh. Déanfar cinneadh an Choimisiúin na 'conairí stórála' a shocrú tar éis dó dul i gcomhairle leis an nGrúpa Comhordaithe Gáis.

(9) D'fhéadfadh sé nach mbeadh na Ballstáit in ann na spriocanna líonta a bhaint amach in am i gcónaí i ngeall ar dheacrachtaí teicniúla amhail fadhbanna a bhaineann leis na píblínte lena gcothaítear an láithreán stórála nó a bhaineann leis na saoráidí insteallta. I gcásanna den sórt sin, is iomchuí go mbeadh an tsolúbthacht ag na Ballstáit an sprioc a bhaint amach ag céim níos déanaí. Mar sin féin, ba cheart an sprioc líonta a bhaint amach a luaithe is féidir go teicniúil agus tráth nach déanaí ná an 1 Nollaig chun slándáil an tsoláthair a áirithiú le haghaidh thréimhse an gheimhridh.

(10) Thairis sin, d'fhéadfadh sé nach mbeadh na Ballstáit in ann na spriocanna líonta a bhaint amach i gcás éigeandáil uile-Aontais, is é sin i gcásanna ina bhfuil atá ganntanas foircneach gáis. Dá bhrí sin, níor cheart feidhm a bheith ag na spriocanna líonta i gcás ina mbeidh éigeandáil Aontais nó éigeandáil réigiúnach fógartha ag an gCoimisiún agus ar feadh na héigeandála fógartha sin de bhun Airteagal 12 de Rialachán (AE) 2017/1938.

(11) Déanfaidh na húdaráis inniúla faireachán leanúnach ar líonadh na saoráidí stórála faoi thalamh chun a áirithiú go gcomhlíontar a gconairí náisiúnta líonta. Déantar na conairí náisiúnta líonta a shainiú trí bhandaleithead dhá phointe céatadáin a chur san áireamh. I gcás ina bhfuil leibhéal líonta Ballstáit ar leith níos mó ná 2 phointe céatadáin faoi spriocanna na conaire líonta, déanfaidh na húdaráis inniúla bearta éifeachtacha láithreach chun an leibhéal líonta a mhéadú. Cuirfidh na Ballstáit an Coimisiún agus an Grúpa Comhordaithe Gáis ar an eolas maidir leis na bearta sin.

(12) Le himeacht suntasach marthanach ó na conairí líonta, is féidir baint amach leibhéil leordhóthanacha na stórála a chur i mbaol, leibhéil is gá chun slándáil soláthair an Aontais a áirithiú de mheon na dlúthpháirtíochta. I gcás imeacht suntasach marthanach den sórt sin ó na conairí líonta, ba cheart an chumhacht a thabhairt don Choimisiún bearta éifeachtacha a dhéanamh chun fadhbanna soláthair a eascraíonn as stóráil neamhlíonta a sheachaint. Agus cinneadh á dhéanamh ag an gCoimisiún faoi na bearta leormhaithe, cuirfidh an Coimisiún san áireamh staid shonrach an Bhallstáit féin, amhail méid na saoráidí stórála i ndáil leis an tomhaltas gáis intíre nó a thábhachtaí atá na saoráidí stórála do shlándáil an tsoláthair sa réigiún. Ós rud é go dtiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm tar éis thús an tséasúir líonta stórála in 2022, ba cheart an tréimhse theoranta ama chun an Rialachán seo a chur chun feidhme ar an leibhéal náisiúnta a chur san áireamh in aon bheart a ghlacfaidh an Coimisiún chun aghaidh a thabhairt ar imeacht ón gconair líonta le haghaidh 2022. Ba cheart don Choimisiún a áirithiú nach rachaidh na bearta thar a bhfuil riachtanach chun slándáil an tsoláthair a choinneáil ar bun, gan ualach díréireach a chur ar na Ballstáit, rannpháirtithe sa mhargadh gáis, oibreoirí córais stórála ná ar shaoránaigh.

(13) Ba cheart do na Ballstáit gach beart is gá a dhéanamh chun a áirithiú go gcomhlíontar na spriocanna líonta éigeantacha. I bhfianaise na gcóras rialála atá i bhfeidhm cheana i roinnt Ballstát chun tacú leis an líonadh stórála, níl aon ionstraim shonrach

forordaithe chun an sprioc líonta a bhaint amach, agus tá an tsaoirse ag na Ballstáit an ionstraim is iomchuí ina gcóras náisiúnta a roghnú, ar choinníoll go n-urramaítear na coinníollacha in Airteagal 6(b)(2) agus (3). Dá bhrí sin, tá an tsaoirse ag na Ballstáit na rannpháirtithe sa mhargadh a roghnú lena gcur faoi oibleagáid an líonadh stórála a áirithiú. Féadfaidh siad cinneadh a dhéanamh freisin maidir le modhanna rialála, amhail bearta chun oibleagáid a chur ar shealbhóirí acmhainne acmhainn atá gan úsáid a fhuascailt faoi rialacha margaidh an Aontais arb ann dóibh cheana, an bhfuil na modhanna rialála leordhóthanach chun na spriocanna líonta a bhaint amach, nó an bhfuil gá le dreasachtaí airgeadais a d'fhéadfadh a bheith ina státchabhair. Ba cheart do na Ballstáit ionstraimí comhordaithe a úsáid, amhail ardáin chun GNL a cheannach in éineacht le Ballstáit eile chun úsáid GNL a uasmhéadú chun an stóráil a líonadh, agus chun bacainní bonneagair agus bacainní rialála ar úsáid chomhroinnte GNL chun an stóráil a líonadh a laghdú;

(14) An Teachtaireacht COM(2022) 108 final ón gCoimisiún an 8 Márta 2022, dar teideal 'REPowerEU: Gníomhaíocht Chomhpháirteach Eorpach le haghaidh fuinneamh atá níos inacmhainne, níos sláine agus níos inbhuanaithe' soiléiríodh i ndáil leis sin go gceadaítear do na Ballstáit, le dlí an Aontais, státchabhair a sholáthar do sholáthraithe faoi Airteagal 107(3)(c) CFAE chun líonadh na stórála a áirithiú, mar shampla i bhfoirm ráthaíochtaí ('conradh difríochta dhá threo').

(15) Ba cheart aon bheart a ghlactar chun líonadh na stórála a áirithiú a bheith riachtanach, sainmhínithe go soiléir, trédhearcach, comhréireach, neamh-idirdhealaitheach agus infhíoraithe, agus níor cheart saobhadh míchuí a dhéanamh ar iomaíocht leo ná ar fheidhmiú éifeachtach an mhargaidh inmheánaigh sa ghás ná níor cheart slándáil sholáthar gáis na mBallstát eile ná an Aontais a chur i gcontúirt mar gheall orthu. Go sonrach, níor cheart leis na bearta sin ceannasacht nó amhantair ioncaim a neartú le haghaidh gnóthais a rialaíonn saoráidí stórála nó a bhfuil acmhainn stórála curtha in áirithe acu ach nach bhfuil á n-úsáid acu.

(16) Is gnéithe tábhachtacha iad úsáid éifeachtúil an bhonneagair atá ann cheana, lena n-áirítear acmhainní tarchurtha trasteorann, saoráidí stórála agus saoráidí GNL chun slándáil an tsoláthair a áirithiú de mheon dlúthpháirtíochta. Tá teorainneacha oscailte fuinnimh ríthábhachtach le haghaidh shlándáil an tsoláthair, agus i gcásanna ina bhfuil suaitheadh gáis ar an leibhéal náisiúnta, réigiúnach nó ar leibhéal an Aontais freisin. Dá bhrí sin, le haon bheart a ghlactar chun líonadh stórála gáis a áirithiú, níor cheart na hacmhainní trasteorann a leithdháiltear i gcomhréir le forálacha Rialachán (AE) 2017/459 ón gCoimisiún a bhlocáil nó a shrianadh.

(17) Leis an oibleagáid stórála cuirfear ualaí airgeadais ar na gníomhaithe ábhartha sna Ballstáit sin, a bhfuil saoráidí stórála ábhartha ar a gcríoch acu, agus rachaidh an méadú ar leibhéal slándála an tsoláthair chun tairbhe do na Ballstáit uile, lena n-áirítear na Ballstáit sin nach bhfuil saoráidí stórála acu. Chun an t-ualach a roinnt, de mheon na dlúthpháirtíochta, maidir lena áirithiú go bhfuil saoráidí stórála san Aontas líonta go leordhóthanach chun slándáil an tsoláthair a áirithiú, ba cheart do na Ballstáit nach bhfuil aon saoráid stórála acu an oibleagáid maidir le húsáid stórála i mBallstáit eile a chomhlíonadh. I gcás nach bhfuil idirnasc ann le Ballstáit eile, nó i gcás ina bhfuil acmhainn tarchurtha trasteorann teoranta nó deacrachtaí teicniúla eile ann a fhágann nach féidir saoráidí stórála a úsáid i mBallstáit eile, ba cheart an oibleagáid a laghdú dá réir sin.

(18) Mar sin féin, níor cheart na Ballstáit a bheith faoi réir oibleagáide den sórt sin má dhéanann siad sásra comhroinnte ualaigh malartach a fhorbairt go comhpháirteach le

Ballstát amháin nó níos mó ag a bhfuil saoráidí stórála. Leis an sásra malartach sin, féadfar a chur san áireamh, i measc nithe eile, na hoibleagáidí dlíthiúla coibhéiseacha atá ann cheana maidir le breoslaí malartacha a stóráil. Ba cheart do na Ballstáit fógra a thabhairt don Choimisiún faoi shásraí comhroinnte ualaigh malartacha den sórt sin

(19) Maidir leis na bearta lena roinneann na Ballstáit nach bhfuil aon saoráid stórála acu ualach na hoibleagáide stórála leis na Ballstáit ag a bhfuil saoráidí stórála, féadfar tionchar airgeadais a bheith acu ar na gníomhaithe ábhartha margaidh. Dá bhrí sin, féadfaidh Ballstáit nach bhfuil aon saoráid stórála acu dreasachtaí airgeadais nó cúiteamh a sholáthar do rannpháirtithe sa mhargadh as gannchion ioncaim nó costais arna dtabhú ag na hoibleagáidí a fhorchuirtear orthu agus nach féidir a chumhdach le hioncam. Más rud é go ndéantar an beart a mhaoiniú trí bhíthin tobhaigh, ní leithdháilfear an tobhach sin ar phointí idirnaisc trasteorann.

(20) Tá faireachán agus tuairisciú éifeachtach fíor-riachtanach chun measúnú a dhéanamh ar chineál agus ar mhéid na rioscaí a bhaineann le slándáil an tsoláthair, agus chun na bearta iomchuí a roghnú chun dul i ngleic leis na rioscaí sin. Ba cheart d'oibreoirí saoráidí stórála na leibhéil líonta a thuairisciú do na húdaráis inniúla náisiúnta ar bhonn míosúil le linn na tréimhse líonta. Moltar d'úinéirí agus d'oibreoirí saoráidí stórála freisin acmhainn agus leibhéal líonta gach láithreáin stórála a ionchódú go rialta ar ardán tuairiscithe lárnach.

(21) Ba cheart d'údaráis rialála ról tábhachtach a imirt maidir le faireachán a dhéanamh ar shlándáil an tsoláthair, arb é ceann de na cúraimí a shanntar do na rialtóirí leis an reachtaíocht maidir leis an Margadh inmheánach fuinnimh, agus ba cheart dóibh cothromaíocht a áirithiú idir an tslándáil agus costas na mbeart do thomhaltóirí. Déanfaidh an Coimisiún faireachán ar na leibhéil líonta i gcomhpháirt le húdaráis inniúla na mBallstát.

(22) Ba cheart ról an Ghrúpa Comhordaithe Gáis a atreisiú agus sainordú sainráite a bheith aige chun faireachán a dhéanamh ar fheidhmíocht na mBallstát i réimse shlándáil an tsoláthair gáis, agus chun dea-chleachtais a fhorbairt ar an mbonn sin sa réimse sin. Dá bhrí sin, tuairisceoidh an Coimisiún go tráthrialta don Ghrúpa Comhordaithe Gáis a thacóidh leis an gCoimisiún chun faireachán a dhéanamh ar na spriocanna líonta, agus chun a áirithiú go gcomhlíontar na spriocanna líonta.

(23) Measann an tAontas go bhfuil earnáil an chórais stórála an-tábhachtach don Aontas, dá shlándáil soláthairtí fuinnimh agus dá leasanna slándála fíor-riachtanacha eile. Dá réir sin, meastar saoráidí stórála a bheith ina mbonneagar ríthábhachtach de réir bhrí Threoir 2008/114/CE ón gComhairle an 8 Nollaig 2008 maidir le bonneagar ríthábhachtach Eorpach a shainaithint agus a ainmniú agus maidir le measúnú a dhéanamh ar an ngá atá le cosaint an bhonneagair sin a fheabhsú. Ba cheart do na Ballstáit na bearta faoin Rialachán seo a chur san áireamh ina bpleananna náisiúnta fuinnimh agus aeráide agus sna tuarascálacha ar dhul chun cinn arna nglacadh de bhun Rialachán 2018/1999.

(24) Measann an tAontas go bhfuil gá le cosaintí breise sa ghréasán córas stórála chun aon bhagairt ar an ord poiblí agus ar an tslándáil phoiblí san Aontas agus ar leas shaoránaigh an Aontais a sheachaint. Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú mbeidh gach oibreoir córais stórála, lena n-áirítear oibreoirí atá faoi rialú oibreoirí córais tarchurtha, deimhnithe faoin Rialachán seo ag an údarás rialála nó ag údarás inniúil eile arna ainmniú ag an mBallstát, chun a áirithiú nach gcuirfidh an tionchar ar oibreoirí córais stórála slándáil an tsoláthair fuinnimh ná aon leas slándála fíor-riachtanach eile san Aontas ná in aon Bhallstát i mbaol. Chun anailís a dhéanamh ar

rioscaí a d’fhéadfadh a bheith ann i ndáil le slándáil an tsoláthair i mBallstáit eile, tá an comhordú idir na Ballstáit maidir leis an measúnú ar shlándáil an tsoláthair tábhachtach agus níor cheart leis sin idirdhealú a dhéanamh idir rannpháirtithe sa mhargadh agus ba cheart an comhar sin a bheith i gcomhlíonadh iomlán le prionsabail an mhargaidh inmheánaigh atá ag feidhmiú go maith. D’fhonn an baol a bhaineann le leibhéil ísle stórála a mhaolú go tapa, ba cheart tosaíocht a thabhairt don deimhniú agus ba cheart é a dhéanamh níos tapúla maidir le stórais atá níos mó agus stórais a líonadh le déanaí ar leibhéil íseal seasta, chun a áirithiú gur féidir fadhbanna slándála a eisiamh a d’fhéadfadh a bheith ann mar thoradh ar an rialú ar stórais mhóra den sórt sin.

(25) Maidir le duine a rialaíonn go díreach nó go hindíreach an t-oibreoir córais stórála, nó a fheidhmíonn aon cheart thar an oibreoir sin go díreach nó go hindíreach, ba cheart do na húdaráis rialála an deimhniú a dhiúltú más rud é go bhféadfadh an duine sin slándáil an tsoláthair fuinnimh nó aon leas slándála riachtanach eile a chur i mbaol, ar leibhéal réigiúnach nó ar leibhéal an Aontais. Sa mheasúnú sin, ba cheart do na húdaráis rialála an caidreamh tráchtála a chur san áireamh a d’fhéadfadh difear diúltach a dhéanamh do dhreasachtaí agus do chumas an oibreora stórála an tsaoráid stórála a líonadh, mar aon le hoibleagáidí idirnáisiúnta an Aontais agus aon fhíoras agus imthoisc shonrach eile a bhaineann leis an gcás. Chun a áirithiú go ndéanfar na rialacha sin a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach ar fud an Aontais, oibleagáidí idirnáisiúnta an Aontais a urramú mar aon le dlúthpháirtíocht agus slándáil fuinnimh laistigh den Aontas, ba cheart do na húdaráis rialála an tuairim ón gCoimisiún a chur san áireamh go hiomlán agus cinntí maidir le deimhniú á ndéanamh acu. I gcás ina ndiúltaíonn údarás rialála an deimhniú, ba cheart é a bheith de chumhacht aige a cheangal ar aon duine an scairsheilbh nó na cearta atá aige ar an oibreoir córais stórála a dhiúscairt agus teorainn ama a leagan síos don diúscairt sin, ordú a thabhairt d’aon bheart iomchuí eile chun a áirithiú nach féidir leis an duine nó na daoine sin aon rialú nó ceart a fheidhmiú ar an oibreoir córais stórála sin, agus cinneadh a dhéanamh maidir le bearta cúitimh iomchuí. Aon bheart a ghlactar sa chinneadh deimhniúcháin chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí a bhaineann le slándáil an tsoláthair nó ar leasanna riachtanacha eile slándála, ba cheart an beart sin a bheith riachtanach agus sainmhínithe go soiléir, trédhearcach, comhréireach, neamh-idirdhealaitheach.

(26) Má tá fiontair le tuilleadh gáis a cheannach nuair a bhíonn an gás sin costasach, d’fhéadfadh sé sin praghsanna a ardú tuilleadh. Dá bhrí sin, tá baint na dtaraifí iontrála agus scoir ag gabháil leis an Rialachán seo ar acmhainn tarchurtha chuig an stóráil agus uaithi, rud a fhágann go mbeidh an stóráil níos tarraingtí do rannpháirtithe sa mhargadh. Ba cheart do na húdaráis rialála agus iomaíochta a n-inniúlachtaí a úsáid chun méaduithe míchuí ar tharaifí stórála a eisiamh go héifeachtach.

(27) I bhfianaise imthosca eisceachtúla na staide reatha agus na héiginnteachta a bhaineann le forbairtí geopholaitiúla a bheidh ann amach anseo, moltar do na Ballstáit na spriocanna líonta a bhaint amach chomh tapa agus is féidir, agus in aon chás tráth nach déanaí ná na tréimhsí ama a leagtar amach sa Rialachán seo.

(28) Ós rud é go bhfuil garchontúirt ann do shlándáil an tsoláthair mar thoradh ar an gcoinbhleacht armtha atá ann faoi láthair, ba cheart an Rialachán seo a theacht i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe san *Iris Oifigiúil*. D’fhonn comhleanúnachas a áirithiú le Togra COM/2021/804 final ón gCoimisiún le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis na margaí inmheánacha le

haghaidh gáis in-athnuaite agus gáis nádúrtha agus le haghaidh na hidrigine (athmhúnlú), níor cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo ach go dtí go nglacfar rialachán, tar éis an Togra COM/2021/804 final ón gCoimisiún thuasluaite, maidir leis na margaí inmheánacha le haghaidh gáis in-athnuaite agus gáis nádúrtha agus le haghaidh na hidrigine agus go dtiocfaidh sé i bhfeidhm, rialachán ina léirítear na leasuithe a tugadh isteach leis an Rialachán seo.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

***Leasuithe ar Rialachán (AE) 2017/1938***

Leasaítear Rialachán (AE) 2017/1938 mar a leanas:

(1) In Airteagal 2, cuirtear isteach na pointí seo a leanas:

‘(27) ciallaíonn “conair líonta” roinnt spriocanna idirmheánacha do gach Ballstát mar a liostaítear in Iarscríbhinní Ia agus Ib;

(28) ciallaíonn “sprioc líonta” sprioc cheangailteach maidir leis an leibhéal líonta i saoráidí stórála le haghaidh gás nádúrtha neamhleachtaithe:

(29) ciallaíonn “stóráil straitéiseach” stóráil gáis nádúrtha neamhleachtaithe atá faoi réir údarú ón údarás poiblí lena scaoileadh, nach féidir a dhíol ar an margadh, agus nach scaoiltear ach i gcás ganntanas soláthair, suaitheadh sa soláthar nó i gcás éigeandála agus sna cásanna sin amháin.’

(30) ciallaíonn “stoc straitéiseach” gás nádúrtha neamhleachtaithe a cheannaíonn, a bhainistíonn agus a stórálann oibreoirí córais tarchurtha chun a bhfeidhmeanna mar oibreoirí córais tarchurtha a dhéanamh go heisiach agus chun críche cinnteachta soláthair. Maidir le gás a stóráiltear mar chuid de stoc straitéiseach, ní fhéadfar é a sheoladh ach amháin i gcás inar gá sin chun an córas a choinneáil ag oibriú faoi dhálaí slána inbhraite i gcomhréir le hAirteagal 13 de Threoir 2009/73/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Iúil 2009 maidir le rialacha comhchoiteanna don mhargadh inmheánach sa ghás nádúrtha agus lena leasaítear Treoir 2003/55/CE nó i gcás ina ndearbhaítear gurb ann d’éigeandáil faoi Airteagal 11 agus nach féidir é a dhíol ar aon bhealach eile ar na margaí mórdhíola oscailte;’

(2) Cuirtear isteach na hAirteagail 6a go 6e seo a leanas:

*‘Airteagal 6a*

***Sprioc líonta éigeantach agus conair líonta éigeantach***

(1) Áiritheoidh gach Ballstát go mbainfear amach faoin 1 Samhain gach bliain an sprioc líonta a leagtar amach i mír 2 maidir le hacmhainn chomhiomlán gach saoráide stórála ar chríoch an Bhallstáit féin.

(2) Le haghaidh 2022, socrófar an sprioc líonta ag 80 % d’acmhainn na saoráidí stórála uile ar chríoch na mBallstát féin. Socrófar an sprioc líonta ag 90 % le

haghaidh na mblianta ina dhiaidh sin, mura gcinnfidh Coimisiún a mhalairt de bhun mhír 4.

(3) Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun na spriocanna idirmheánacha a léirítear in Iarscríbhinní Ia agus Ib le haghaidh gach Ballstáit a bhaint amach. Maidir le 2022, ní shocrófar spriocanna idirmheánacha ach do na míonna Lúnasa, Meán Fómhair agus Deireadh Fómhair, agus do na míonna sin amháin. Ó 2023 ar aghaidh, áiritheoidh na Ballstáit go gcomhlíonfar spriocanna idirmheánacha le haghaidh na míonna Feabhra, Bealtaine, Iúil agus Meán Fómhair.

(4) Tugtar de chumhacht don Choimisiún, tar éis dó dul i gcomhairle leis an nGrúpa Comhordaithe Gáis, gníomh tarmligthe a ghlacadh lena leasaítear Iarscríbhinn Ib chun an sprioc líonta agus conair líonta a shonrú ó 2023 ar aghaidh, i gcomhréir le hAirteagal 19. Glacfar an gníomh tarmligthe sin tráth nach déanaí ná an 31 Nollaig den bhliain roimh an mbliain a bhfuil sprioc líonta nua socraithe ina leith. Beidh an sprioc líonta agus an chonair líonta atá socraithe ag an gCoimisiún bunaithe ar mheasúnú ar an staid ghinearálta maidir le slándáil an tsoláthair agus ar fhorbairt an éilimh ar sholáthar gáis san Aontas agus i mBallstáit aonair, agus socrófar iad ar bhealach lena n-áirítear slándáil an tsoláthair agus lena seachnaítear ualach riaracháin nach bhfuil gá leis a chur ar na Ballstáit, ar rannpháirtithe sa mhargadh gáis, ar oibreoir córais stórála nó ar shaoránaigh.

(5) I gcás nach féidir le Ballstát an sprioc líonta a bhaint amach mar gheall ar shaintréithe teicniúla sonracha ag saoráid stórála amháin nó níos mó laistigh dá chríoch, amhail rátaí insteallta an-íseal, ní cheadófar don Bhallstát an sprioc líonta a bhaint amach ach an 1 Nollaig. Cuirfidh an Ballstát an Coimisiún ar an eolas roimh an 1 Samhain, agus tabharfaidh sé cúiseanna leis an moill.

(6) Ní bheidh feidhm ag an sprioc líonta i gcás ina mbeidh éigeandáil an Aontais nó éigeandáil réigiúnach fógartha ag an gCoimisiún agus ar feadh na héigeandála fógartha sin de bhun Airteagal 12.

(7) Déanfaidh na húdaráis inniúla faireachán leanúnach ar an gconair líonta gach bliain agus tuairisceoidh siad go tráthrialta don Ghrúpa Comhordaithe Gáis. I gcás ina bhfuil leibhéal líonta Ballstáit ar leith níos mó ná 2 phointe céatadáin faoi leibhéal na conaire líonta de bhun Iarscríbhinn Ib, déanfaidh na húdaráis inniúla bearta éifeachtacha chun an leibhéal líonta a mhéadú gan aon mhoill. Cuirfidh na Ballstáit an Coimisiún agus an Grúpa Comhordaithe Gáis ar an eolas maidir leis na Bearta a rinneadh.

(8) I gcás imeacht suntasach marthanach ó na conairí líonta, déanfar na bearta seo a leanas:

(a) tar éis don Choimisiún dul i gcomhairle leis an nGrúpa Comhordaithe Gáis agus leis an mBallstát atá i gceist, eiseoidh an Coimisiún rabhadh don Bhallstát agus molfaidh sé bearta a bheidh le déanamh láithreach;

(b) mura laghdaítear go suntasach an t-imeacht ón gconair laistigh de mhí amháin ó dháta an rabhaidh, tar éis don Choimisiún dul i gcomhairle leis an nGrúpa Comhordaithe Gáis agus leis an mBallstát atá i gceist, déanfaidh an Coimisiún cinneadh mar rogha dheiridh chun é a chur d’oibleagáid ar an mBallstát bearta a

dhéanamh lena mbaintear an bhearna sa chonair, lena n-áirítear beart nó roinnt bearta a liostaítear faoi Airteagal 6b(1) a dhéanamh i gcás inarb iomchuí, nó aon bheart eile chun a áirithiú go mbainfear amach an sprioc líonta éigeantach de bhun an Airteagail;

(c) agus cinneadh á dhéanamh ag an gCoimisiún faoi na bearta leormhaithe de bhun phointe (b), cuirfidh an Coimisiún san áireamh staid shonrach an Bhallstáit féin, amhail méid na saoráidí stórála i ndáil leis an tomhaltas gáis intíre nó a thábhachtaí atá na saoráidí stórála do shlándáil an tsoláthair sa réigiún. Maidir le haon bheart arna ghlacadh ag an gCoimisiún chun aghaidh a thabhairt ar imeacht ón gconair líonta le haghaidh 2022, cuirfear san áireamh an tréimhse ghearr chun an tAirteagal seo a chur chun feidhme ar an leibhéal náisiúnta, rud d'fhéadfadh cur leis an imeacht ón gconair líonta in 2022;

(d) Áiritheoidh an Coimisiún nach rachaidh na bearta thar a bhfuil riachtanach chun slándáil an tsoláthair a choinneáil ar bun, gan ualach díréireach a chur ar na Ballstáit, rannpháirtithe sa mhargadh gáis, oibreoirí córais stórála ná ar shaoránaigh.

*Airteagal 6b*

***An sprioc líonta a chur chun feidhme***

(1) Déanfaidh na Ballstáit gach beart is gá, lena n-áirítear dreasachtaí airgeadais nó cúiteamh do rannpháirtithe sa mhargadh, chun a áirithiú go mbainfear amach na spriocanna líonta éigeantacha de bhun Airteagal 6(a). D'fhéadfadh na bearta sin an méid seo a leanas a áireamh, go háirithe:

(a) oibleagáid a chur ar sholáthróirí gáis toirteanna íosta gáis a stóráil i saoráidí stórála;

(b) oibleagáid a fhorchur ar úinéirí stórála a n-acmhainní a chur ar fáil do rannpháirtithe sa mhargadh;

(c) oibleagáid a fhorchur ar oibreoir córais tarchurtha stoic straitéiseacha gáis a cheannach agus a bhainistiú go heisiach chun a bhfeidhmeanna mar oibreoirí córais tarchurtha a chomhlíonadh agus chun críoch shlándáil an tsoláthair i gcás éigeandála;

(d) ionstraimí comhordaithe a úsáid, amhail ardáin chun GNL a cheannach, in éineacht le Ballstáit eile chun úsáid GNL a uasmhéadú agus chun bacainní bonneagair agus rialála ar úsáid chomhroinnte GNL a laghdú chun saoráidí stórála a líonadh;

(e) dreasachtaí airgeadais a sholáthar do rannpháirtithe sa mhargadh nó cúiteamh a thabhairt dóibh as gannchion ioncaim féideartha nó as costais arna dtabhú de bharr oibleagáidí ar rannpháirtithe sa mhargadh nach féidir a sheasamh le hioncam;

(f) ionstraimí éifeachtacha a ghlacadh chun oibleagáid a chur ar shealbhóirí acmhainne stórála acmhainn atá curtha in áirithe nár úsáideadh a úsáid nó a scaoileadh.

(2) Beidh na bearta arna nglacadh de bhun an Airteagail seo teoranta don mhéid is gá chun an sprioc líonta a bhaint amach, beidh siad sainmhínithe go soiléir, trédhearcach, comhréireach, neamh-idirdhealaitheach agus infhíoraithe. Ní dhéanfaidh siad saobhadh míchuí ar iomaíocht ná ar dhea-oibriú an mhargaidh inmheánaigh sa ghás agus ní chuirfidh siad slándáil sholáthar gáis na mBallstát eile nó an Aontais i gcontúirt.

(3) Déanfaidh na Ballstáit na bearta uile is gá chun a áirithiú go mbainfear úsáid ar bhealach éifeachtúil as an mbonneagar atá ann cheana ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal réigiúnach , ar mhaithe leis an gcinnteacht soláthair. Maidir leis na hacmhainní tarchurtha trasteorann a leithdháiltear i gcomhréir le Rialachán (AE) 2017/459 ón gCoimisiún, ní chuirfear cosc ná srian ar úsáid saoráidí stórála ná saoráidí GNL thar theorainneacha leis na bearta ina aon chás.

*Airteagal 6c*
***Comhroinnt dualgas***

(1) Áiritheoidh na Ballstáit nach bhfuil aon saoráidí stórála acu go mbeidh socruithe ag rannpháirtithe margaidh intíre le hoibreoirí córais stórála ó na Ballstáit a bhfuil saoráidí stórála acu lena n-áirithítear go n-úsáidfear toirteanna stórála sna Ballstáit sin faoin 1 Samhain a chomhfhreagraíonn do [15 %] ar a laghad de thomhaltas bliantúil gáis an Bhallstáit gan saoráidí stórála. I gcás nach féidir úsáid iomlán a bhaint as 15 % de na méideanna stórála nach méideanna stórála intíre iad de bharr acmhainn tarchurtha trasteorann nó srianta teicniúla eile, ní stórálfar ach na méideanna a d'fhéadfadh a bheith indéanta go teicniúil lasmuigh den Bhallstát gan stóráil.

(2) De mhaolú ar mhír 1, féadfaidh Ballstáit nach bhfuil aon saoráid stórála acu sásra comhroinnte dualgais a fhorbairt i gcomhpháirt le Ballstát amháin nó níos mó ag a bhfuil saoráidí stórála. Beidh an sásra comhroinnte dualgais bunaithe ar shonraí ábhartha an mheasúnaithe riosca is déanaí de bhun Airteagal 7 agus cuirfear na paraiméadair seo a leanas san áireamh leis:

   (a) costas na tacaíochta airgeadais chun spriocanna líonta a áirithiú, gan costas líonta oibleagáidí stórála straitéiseacha a chur san áireamh;

   (b) na toirteanna gáis is gá chun freastal ar éileamh na gcustaiméirí atá faoi chosaint i gcomhréir le hAirteagal 6(1);

   (c) teorainneacha teicniúla, amhail an acmhainn stórála atá ar fáil, an acmhainn theicniúil trasteorann, rátaí aistarraingthe.

(3) Cuirfear an Coimisiún ar an eolas maidir leis an sásra arna fhorbairt go comhpháirteach mí amháin ar a dhéanaí tar éis don Airteagal seo teacht i bhfeidhm.

(4) Féadfaidh na Ballstáit nach bhfuil saoráidí stórála acu dreasachtaí nó cúiteamh airgeadais a sholáthar do rannpháirtithe sa mhargadh as gannchion ioncaim nó as costais arna dtabhú leis na hoibleagáidí a forchuireadh orthu, gannchion ioncaim nó costais nach féidir a chumhdach le hioncam chun a áirithiú go gcuirtear an oibleagáid chun feidhme maidir le gás a stóráil i mBallstáit eile de bhun mhír 1, nó go gcuirtear an sásra chun feidhme arna fhorbairt go comhpháirteach de bhun mhír 2. Más rud é go ndéantar an beart a mhaoiniú trí

bhíthin tobhaigh, ní leithdháilfear an tobhach sin ar phointí idirnaisc trasteorann.

*Airteagal 6d*

***Faireachán agus forfheidhmiú***

(1) Tuairisceoidh na hoibreoirí córais stórála do na húdaráis inniúla sa Bhallstát ina bhfuil siad lonnaithe an leibhéal líonta ag gach ceann de na pointí rialaithe a bhunaítear i gcomhréir le hIarscríbhinn Ia agus Ib

(2) Déanfaidh údaráis inniúla na mBallstát faireachán ar leibhéil líonta na saoráidí stórála ar a gcríocha ag deireadh gach míosa agus tuairisceoidh siad na torthaí don Choimisiún gan moill mhíchuí.

(3) De réir na faisnéise arna soláthar ag údaráis inniúla na mBallstáit, tuairisceoidh an Coimisiún go tráthrialta don Ghrúpa Comhordaithe Gáis.

(4) Tacóidh an Grúpa Comhordaithe Gáis leis an gCoimisiún maidir leis an bhfaireachán a dhéanfar ar na spriocanna líonta agus conaire, agus forbróidh sé treoraíocht maidir le bearta leormhaithe chun an chomhlíontacht a áirithiú sa chás nach mbaineann na Ballstáit na spriocanna conaire líonta amach nó nach gcomhlíonann siad na spriocanna líonta.

(5) Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun an chonair líonta agus an sprioc líonta a bhaint amach agus chun na hoibleagáidí stórála a fhorfheidhmiú a cheanglaítear ar rannpháirtithe sa mhargadh chun an chonair sin agus an sprioc sin a bhaint amach, lena n-áirítear trí smachtbhannaí athchomhairleacha leormhaithe agus fíneálacha a fhorchur orthu.

(6) Cuirfidh na Ballstáit an Coimisiún ar an eolas gan mhoill faoi na bearta forfheidhmiúcháin a rinneadh de bhun an Rialacháin seo.

(7) Sa chás ina bhfuil faisnéis atá íogair ó thaobh na tráchtála de le malartú, féadfaidh an Coimisiún cruinnithe den Ghrúpa Comhordaithe Gáis a thionól i bhformáid atá teoranta do na Ballstáit amháin.

(8) Beidh an fhaisnéis a mhalartófar teoranta don mhéid a bhfuil gá leis chun faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh cheanglais an Rialacháin seo. Caomhnóidh an Coimisiún, na húdaráis rialála agus na Ballstáit rúndacht na faisnéise atá íogair ó thaobh na tráchtála de a gheofar i gcomhthéacs an Rialacháin seo.

*Airteagal 6e*

***Raon feidhme***

Ní bheidh feidhm ag forálacha Airteagail 6a go 6d maidir leis na codanna de shaoráidí GNL a úsáidtear i gcomhair stórála.

(3) Leasaítear na hIarscríbhinní i gcomhréir leis an téacs a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo;

*Airteagal 2*

***Leasuithe ar Rialachán (CE) Uimh. 715/2009***

(1) Cuirtear isteach an tAirteagal 3a seo a leanas:

'Airteagal 3a

**Deimhniú ar oibreoirí córais stórála**

(1) Gach oibreoir córais stórála, lena n-áirítear oibreoirí córais stórála atá faoi rialú oibreoirí córais tarchurtha, áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh siad deimhnithe ag an údarás rialála faoin Airteagal seo, nó ag údarás inniúil eile arna ainmniú ag an mBallstát lena mbaineann, i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar síos san Airteagal seo. Maidir leis an oibleagáid chun oibreoir córais stórála a dheimhniú faoin Airteagal seo, tá feidhm aici freisin maidir le hoibreoirí córais atá faoi rialú oibreoirí córas tarchurtha arna ndeimhniú cheana faoi rialacha i dtaca le díchuachadh de bhun Airteagail 9 go 11 de Threoir 2009/73/CE.

(2) I gcás oibreoirí córais stórála a oibríonn saoráidí stórála ag a bhfuil acmhainní ós coinn 3.5 TwH agus a líonadh an 31 Márta 2021 agus an 31 Márta 2022 go leibhéal a bhí níos lú ná 30 % dá n-acmhainn uasta ar an meán, glacfaidh an t-údarás rialála, nó an t-údarás ainmnithe de bhun mhír 1, dréachtchinneadh maidir le hoibreoirí córais stórála a dheimhniú laistigh de 100 lá tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo nó tar éis fógra de bhun mhír 8 a fháil. I gcás oibreoir córais stórála eile, glacfar dréachtchinneadh laistigh de 18 mí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo nó tar éis fógra de bhun mhíreanna 7 nó 8 a fháil. Agus breithniú á dhéanamh ar an riosca do shlándáil na soláthairtí fuinnimh, cuirfidh an t-údarás rialála nó an t-údarás ainmnithe de bhun mhír 1 san áireamh aon riosca maidir le slándáil an tsoláthair ar an leibhéal náisiúnta, réigiúnach nó ar leibhéal an Aontais ar fad a eascraíonn, mar shampla, as an méid seo a leanas:

(a) úinéireacht, soláthar nó aon chaidreamh tráchtála eile a d'fhéadfadh difear diúltach a dhéanamh do dhreasachtaí agus do chumas an oibreora an tsaoráid stórála a líonadh;

(b) cearta agus oibleagáidí an Aontais maidir leis an tríú tír nó na tríú tíortha sin a eascraíonn as an dlí idirnáisiúnta, lena n-áirítear aon chomhaontú arna thabhairt i gcrích le tríú tír amháin nó níos mó, agus an tAontas ina pháirtí ann, lena dtéitear i ngleic le saincheisteanna chinnteacht an tsoláthair fuinnimh.

(c) cearta agus oibleagáidí an Bhallstáit nó na mBallstát lena mbaineann maidir leis an tríú tír nó na tríú tíortha sin a eascraíonn as an dlí idirnáisiúnta, lena n-áirítear aon chomhaontú arna thabhairt i gcrích leo, a mhéid atá siad i gcomhréir le dlí an Aontais;. nó

(d) aon fhíoras nó imthosca sonrach eile a bhaineann leis an gcás.

(3) Diúltóidh an t-údarás rialála nó an t-údarás ainmnithe de bhun mhír 1 an deimhniú má léirítear maidir le duine a rialaíonn go díreach nó go hindíreach an t-oibreoir córais stórála de réir bhrí Airteagal 9 de Threoir 2009/73/CE nó a fheidhmíonn aon cheart go díreach nó go hindíreach thar an oibreoir córais stórála sin, go bhféadfadh an duine sin slándáil an tsoláthair fuinnimh, nó leasanna slándála riachtanacha aon Bhallstáit nó an Aontais a chur i mbaol. Ina ionad sin, féadfaidh an t-údarás rialála nó an t-údarás ainmnithe de bhun mhír 1 rogha a dhéanamh an deimhniú a dheonú le coinníollacha, lena n-áirithítear go maolófar go leormhaith na rioscaí go léir a bhféadfadh tionchar diúltach a bheith acu ar líonadh na stórála dá bhforáiltear faoin Rialachán seo, agus ar choinníoll gur féidir a n-inoibritheacht a áirithiú go hiomlán trí chur chun feidhme agus trí fhaireachán éifeachtach.

(4) I gcás ina gcinneann an t-údarás rialála, nó an t-údarás ainmnithe de bhun mhír 1, nach féidir na rioscaí atá ann do shlándáil an tsoláthair a bhaint trí choinníollacha de bhun mhír 3 agus dá bhrí sin go ndiúltaíonn sé an deimhniú, déanfaidh sé an méid seo a leanas:

(a) ceangal a chur ar aon duine nó daoine a mheasann sé a d'fhéadfadh slándáil an tsoláthair fuinnimh nó leas slándála riachtanach aon Bhallstáit nó an Aontais a chur i mbaol an scairsheilbh nó na cearta atá aige ar an oibreoir córais stórála a dhiúscairt agus teorainn ama a leagan síos don diúscairt sin;

(b) i gcás inarb iomchuí, bearta idirlinne a ordú chun a áirithiú nach féidir leis an duine ná leis na daoine sin aon rialú nó ceart a fheidhmiú ar an oibreoir córais stórála sin go dtí go ndéanfar an scairsheilbh nó na cearta a dhiúscairt; agus

(c) na bearta cúiteacha iomchuí a chinneadh.

(5) Tabharfaidh an t-údarás rialála nó an t-údarás ainmnithe de bhun mhír 1 fógra faoin dréachtchinneadh don Choimisiún gan mhoill, mar aon leis an bhfaisnéis ábhartha uile a bhaineann leis an gcinneadh sin. Tabharfaidh an Coimisiún a thuairim ar an dréachtchinneadh don údarás rialála náisiúnta nó don údarás ainmnithe de bhun mhír 1 laistigh de 50 lá oibre. Tabharfaidh an t-údarás rialála nó an t-údarás ainmnithe de bhun mhír 1 lánaird ar an tuairim ón gCoimisiún.

(6) Glacfaidh an t-údarás rialála nó an t-údarás ainmnithe de bhun mhír 1 a chinneadh maidir le deimhniú oibreoirí córas stórála tráth nach déanaí ná 25 lá oibre tar éis dó tuairim ón gCoimisiún a fháil.

(7) Sula gcuirfear saoráid stórála nuathógtha i bhfeidhm, déanfar an t-oibreoir córais stórála a dheimhniú i gcomhréir le míreanna 1 go 6. Tabharfaidh an t-oibreoir córais stórála fógra don údarás rialála nó don údarás ainmnithe de bhun mhír 1 go bhfuil sé beartaithe aige an tsaoráid stórála a chur i bhfeidhm.

(8) Tabharfaidh na hoibreoirí córais stórála fógra don údarás rialála nó don údarás ainmnithe de bhun mhír 1 maidir le haon idirbheart atá beartaithe lena n-éileofaí athmheasúnú ar a gcomhlíontacht leis na ceanglais deimhniúcháin a leagtar amach i míreanna 1 agus 2.

(9) Déanfaidh an t-údarás rialála nó an t-údarás ainmnithe de bhun mhír 1 faireachán ar chomhlíontacht leanúnach na n-oibreoirí córais stórála leis na

ceanglais i míreanna 1 agus 2. Osclóidh sé nós imeachta deimhniúcháin lena áirithiú go bhfuil na ceanglais sin á gcomhlíonadh:

(a) ar fhógra a fháil ón oibreoir córais stórála de bhun mhíreanna 7 nó 8;

(b) ar a thionscnamh féin, i gcás ina bhfuil sé ar an eolas go bhféadfadh sé go mbeadh neamhchomhlíonadh na gceanglas i míreanna 1 agus 2 a bheith mar thoradh ar athrú atá beartaithe ar na cearta nó ar an tionchar ar oibreoir córais stórála;

(c) ar iarraidh réasúnaithe ón gCoimisiún.

(10) Déanfaidh na Ballstáit gach beart is gá chun a áirithiú go leanfar d'oibriú na saoráidí stórála ar a gcríocha. Ní fhéadfaidh na saoráidí stórála sin imeacht ó oibríochtaí ach amháin tar éis measúnaithe arna dhéanamh ag údarás rialála nó ag an údarás ainmnithe de bhun mhír 1, agus tuairim ó ENTSO-G á cur san áireamh, tuairim lena gcinntear nach ndéantar slándáil an tsoláthair gáis ar an leibhéal náisiúnta nó ar leibhéal an Aontais a lagú leis an imeacht sin. Déanfar bearta cúiteacha iomchuí, i gcás inarb iomchuí, mura gceadaítear imeacht ó oibríochtaí.

(11) Tugtar de Chumhacht don Choimisiún gníomh tarmligthe a ghlacadh lena leagtar amach mionsonraí an nós imeachta a bheidh le leanúint chun an mhír seo a chur i bhfeidhm i gcomhréir le hAirteagal 19.

(12) Ní bheidh feidhm ag forálacha an Airteagail seo maidir leis na codanna de shaoráidí GNL a úsáidtear i gcomhair stórála.

(2) In Airteagal 13, cuirtear an mhír 3 seo a leanas isteach:

'3. Cuirfear lascaine 100 % i bhfeidhm maidir le taraifí tarchurtha acmhainnbhunaithe ag pointí iontrála ó shaoráidí stórála agus ag pointí scoir chucu, ach amháin má úsáidtear saoráid stórála atá nasctha le níos mó ná gréasán tarchurtha amháin nó gréasán dáileacháin amháin, agus a mhéid a úsáidfear an tsaoráid stórála sin, chun dul in iomaíocht le pointe idirnaisc. Déanfaidh an Coimisiún athscrúdú ar an lascaine taraife sin 5 bliana tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin. Déanfaidh sé a mheasúnú an bhfuil leibhéal an laghdaithe a leagtar amach san Airteagal seo fós leordhóthanach i bhfianaise na hoibleagáide stórála de bhun Airteagal 6a de Rialachán (AE) 2017/1938.'

*Airteagal 3*

***Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm***

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm ag an Rialachán seo go dtí dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin (AE) ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis na margaí inmheánacha le haghaidh gáis in-athnuaite agus gáis nádúrtha agus le haghaidh na hidrigine, bunaithe ar an togra ón gCoimisiún an 15 Nollaig 2021.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

| | |
|---|---|
| *Thar ceann Pharlaimint na hEorpa* | *Thar ceann na Comhairle* |
| *An tUachtarán* | *An tUachtarán* |

# RÁITEAS AIRGEADAIS REACHTACH

## 1. LEAGAN AMACH AN TOGRA/TIONSCNAIMH

Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) 2017/1938 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le bearta chun slándáil an tsoláthair gáis a choimirciú agus Rialachán (AE) Uimh. 715/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le coinníollacha le haghaidh rochtana ar na gréasáin gáis nádúrtha

### 1.1. Réimsí beartais lena mbaineann

An Comhaontú Glas don Eoraip – Fuinneamh – Slándáil an tSoláthair Fuinnimh

### 1.2. Baineann an togra/tionscnamh le:

**✓ beart nua**

**☐ beart nua a leanann treoirthionscadal/réamhbheart[5]**

**☐ síneadh ar bheart atá ann cheana**

**☐ beart nó bearta a chumasc nó a atreorú i dtreo beart eile/beart nua**

### 1.3. Cuspóirí

*1.3.1. Cuspóirí ginearálta*

Is é is aidhm don togra seo aghaidh a thabhairt ar na rioscaí suntasacha do shlándáil an tsoláthair agus do gheilleagar an Aontais mar thoradh ar an staid gheopholaitiúil atá athraithe go mór. Is é is aidhm don togra, go háirithe, a áirithiú nach bhfanann acmhainní stórála san Aontas gan úsáid, acmhainní atá ríthábhachtach chun slándáil an tsoláthair a áirithiú, chun a áirithiú gur féidir stóráil a roinnt ar fud an Aontais, de mheon dlúthpháirtíochta.

Chun na críche sin, neartóidh íosleibhéal éigeantach gáis i saoráidí stórála slándáil an tsoláthair roimh gheimhreadh 2022/2023 agus le haghaidh na dtréimhsí geimhridh ina dhiaidh sin. Le deimhniú éigeantach oibreoirí córais stórála, áiritheofar gur féidir rioscaí a eisiamh a d'fhéadfadh a bheith ann do shlándáil an tsoláthair, rioscaí a eascraíonn as tionchar ar an mbonneagar stórála criticiúla. Ar deireadh, dreasófar úsáid stórála trí chead a thabhairt d'úsáideoirí stórála díolúine a thabhairt d'úsáideoirí stórála ó tharaifí tarchurtha ag pointí iontrála nó scoir stórála.

*1.3.2. Cuspóirí sonracha*

Sainchuspóir #1:

Leibhéil leordhóthanacha stórála gáis san Aontas Eorpach i mí na Samhna 2022

Sainchuspóir #2:

Leibhéil leordhóthanacha stórála gáis san Aontas i mí na Samhna 2023 agus ina dhiaidh sin

Sainchuspóir #3:

[5] Mar a thagraítear dó in Airteagal 58(2)(a) nó (b) den Rialachán Airgeadais.

| |
|---|
| Oibreoirí córais stórála an Aontais a dheimhniú laistigh de 18 mí |

*1.3.3. An toradh agus an tionchar a bhfuil súil leo*

*Sonraigh an tionchar a bheadh ag an togra/tionscnamh ar na tairbhithe/grúpaí ar a bhfuil sé dírithe.*

| |
|---|
| Neamhspleáchas straitéiseach feabhsaithe an Aontais<br>Slándáil fuinnimh AE feabhsaithe<br>Cobhsaíocht / luaineacht laghdaithe sna margaí gáis |

*1.3.4. Táscairí feidhmíochta*

*Sonraigh na táscairí chun faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn agus ar ghnóthachain.*

| |
|---|
| Rátaí líonta stórála i mí na Samhna ó 2022 ar aghaidh<br>Líon oibreoirí córas stórála AE deimhnithe |

**1.4. Forais an togra/tionscnaimh**

*1.4.1. Na ceanglais is gá a chomhlíonadh sa ghearrthéarma nó san fhadtéarma, lena n-áirítear amlíne mhionsonraithe maidir le cur chun feidhme céimneach an tionscnaimh*

| |
|---|
| Leanann an togra an iarraidh ó na Ceannairí Stáit agus Rialtais in Versailles agus ba cheart é a chur chun feidhme láithreach, lena n-áirítear trí chomhaontú leis na comhreachtóirí chun dlús a chur leis na nósanna imeachta comhchinnteoireachta. |

*1.4.2. Breisluach a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais (d'fhéadfadh an breisluach a bheith ann mar thoradh ar fhachtóirí éagsúla, e.g. gnóthachain de thoradh comhordú, deimhneacht dhlíthiúil, breis éifeachtachta nó comhlántachtaí). Chun críocha an phointe seo, is é a chiallaíonn 'breisluach a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais' an luach a thagann as idirghabháil an Aontais ar luach é atá sa bhreis ar an luach a bheadh ann dá mbeadh na Ballstáit ag feidhmiú leo féin.*

| |
|---|
| Cúiseanna le beart a dhéanamh ar leibhéal an Aontais (*ex ante*)<br>Breisluach AE a mheastar a ghinfear (ex post) [...] |

*1.4.3. Ceachtanna a foghlaimíodh ó thaithí eile den sórt sin san am a chuaigh thart*

| |
|---|
| Léiríonn taithí na bliana seo nach mór an stóráil gáis a líonadh go leordhóthanach faoi thús an tséasúir téimh, agus gur gá an aistarraingt gáis a dhéanamh ar bhealach nach gcuirfear slándáil an tsoláthair san Aontas i mbaol. Tá sé sin ríthábhachtach chun saoránaigh agus gnólachtaí na hEorpa a chosaint ar aon idirbhriseadh a d'fhéadfadh a bheith ann, agus maidir le neamhspleáchas straitéiseach an Aontais. |

*1.4.4. Comhoiriúnacht don Chreat Airgeadais Ilbhliantúil agus sineirgíochtaí a d'fhéadfadh a bheith ann le hionstraimí iomchuí eile*

| |
|---|
| Tagann an tionscnamh faoi scáth an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip, a bhfuil slándáil an tsoláthair ina colún tábhachtach de. |

*1.4.5. Measúnú ar na roghanna éagsúla maoinithe atá ar fáil, lena n-áirítear na féidearthachtaí athshannadh a dhéanamh*

| |
|---|
| Beidh gá le hacmhainní daonna breise agus le roinnt caiteachas riaracháin chun an píosa reachtaíochta seo a chur chun feidhme. |

### 1.5. Fad agus tionchar airgeadais an togra/tionscnaimh

☐ **tréimhse theoranta**

- ☐ i bhfeidhm ón [LL/MM]BBBB go dtí an [LL/MM]BBBB
- ☐ Tionchar airgeadais ó BBBB go BBBB maidir le leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus ó BBBB go BBBB maidir le leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí.

✓ **tréimhse neamhtheoranta**

- Cuirfear chun feidhme é le linn na tréimhse tosaigh 2022 go dtí 2027.
- agus cuirfear ag feidhmiú go hiomlán ina dhiaidh sin é.

### 1.6. Modhanna bainistíochta atá beartaithe[6]

✓ **Bainistíocht dhíreach** a dhéanann an Coimisiún

- ✓ ina ranna, lena n-áirítear an chuid sin den fhoireann atá i dtoscaireachtaí an Aontais;
- ☐ trí na gníomhaireachtaí feidhmiúcháin

☐ **Bainistíocht atá comhroinnte** leis na Ballstáit

☐ **Bainistíocht indíreach** trí chúraimí a bhaineann le cur chun feidhme an bhuiséid a shannadh dóibh seo a leanas:

- ☐ tríú tíortha nó na comhlachtaí a d'ainmnigh siad;
- ☐ eagraíochtaí idirnáisiúnta agus a ngníomhaireachtaí (tabhair sonraí);
- ☐BEI agus an Ciste Eorpach Infheistíochta;
- ☐ comhlachtaí dá dtagraítear in Airteagail 70 agus 71 den Rialachán Airgeadais;;
- ☐ comhlachtaí dlí poiblí;
- ☐ comhlachtaí arna rialú ag an dlí príobháideach agus a bhfuil misean seirbhíse poiblí acu sa mhéid go gcuireann siad ráthaíochtaí leordhóthanacha airgeadais ar fáil;
- ☐ comhlachtaí arna rialú ag dlí príobháideach Ballstáit, a gcuirtear de chúram orthu comhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí a chur chun feidhme, agus a sholáthraíonn ráthaíochtaí leordhóthanacha airgeadais;
- ☐ daoine a gcuirtear de chúram orthu bearta sonracha a chur chun feidhme in CBES de bhun Theideal V de CAE, ar daoine iad a aithnítear sa bhunghníomh ábhartha.
- *I gcás ina sonraítear níos mó ná modh bainistíochta amháin, tabhair sonraí sa roinn "Nótaí" le do thoil.*

Nótaí

| ní bhaineann le hábhar |
|---|

[6] Tá mionsonraí ar na modhanna bainistíochta agus tagairtí don Rialachán Airgeadais le fáil ar shuíomh gréasáin Ard-Stiúrthóireacht an Bhuiséid: https://myintracomm.ec.europa.eu/budgweb/EN/man/budgmanag/Pages/budgmanag.aspx

## 2. BEARTA BAINISTÍOCHTA

### 2.1. Rialacha faireacháin agus tuairiscithe

*Sonraigh minicíocht na mbeart agus na coinníollacha atá leo.*

| |
|---|
| Áirítear sa Ráiteas Airgeadais Reachtach seo caiteachas ar fhoireann agus socruithe riaracháin a d'fhéadfadh a bheith ann. Tá feidhm ag na gnáthrialacha maidir leis an gcineál caiteachais sin. |

### 2.2. Córais bhainistíochta agus rialaithe

*2.2.1. An bonn cirt atá leis na modhanna bainistíochta, le sásraí cur chun feidhme an chistithe, leis na módúlachtaí íocaíochta agus leis an straitéis rialaithe atá beartaithe*

| |
|---|
| Tá feidhm ag na gnáthrialacha maidir leis an gcineál caiteachais sin. |

*2.2.2. Faisnéis faoi na rioscaí a aithníodh agus na córais rialaithe inmheánacha a cuireadh ar bun chun na rioscaí a mhaolú*

| |
|---|
| Ar an iomlán, éilíonn an tionscnamh caiteachas ar fhoireann agus d'fhéadfadh gá a bheith le socruithe riaracháin dá bharr. Tá feidhm ag na gnáthrialacha maidir leis an gcineál caiteachais sin. |

*2.2.3. Meastachán ar chost-éifeachtúlacht na rialuithe agus an bonn cirt atá leis sin (cóimheas 'costais rialaithe ÷ luach na gcistí gaolmhara arna mbainistiú') agus measúnú ar an leibhéal riosca earráide a mheastar a bheidh ann (tráth an íocaíocht a dhéanamh agus tráth an clár a dhúnadh)*

| |
|---|
| Ar an iomlán, éilíonn an tionscnamh caiteachas ar fhoireann agus d'fhéadfadh gá a bheith le socruithe riaracháin dá bharr. Tá feidhm ag na gnáthrialacha maidir leis an gcineál caiteachais sin. |

### 2.3. Bearta chun calaois agus neamhrialtachtaí a chosc

*Sonraigh na bearta coisctheacha agus cosanta atá ann cheana nó atá beartaithe, e.g. ón Straitéis Frithchalaoise.*

| |
|---|
| Ar an iomlán, éilíonn an tionscnamh caiteachas ar fhoireann agus d'fhéadfadh gá a bheith le socruithe riaracháin dá bharr. Tá feidhm ag na gnáthrialacha maidir leis an gcineál caiteachais sin. |

## 3. AN TIONCHAR AIRGEADAIS A MHEASTAR A BHEIDH AG AN TOGRA/TIONSCNAMH

### 3.1. Ceannteidil an chreata airgeadais ilbhliantúil agus na línte buiséid ar a n-imreofar tionchar

- Línte buiséid atá ann cheana

*<u>In ord</u> cheannteidil agus línte buiséid an chreata airgeadais ilbhliantúil.*

| Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil | Líne bhuiséid | Saghas caiteachais | Ranníocaíocht | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | Uimhir | LD/LN[7]. | ó thíortha de chuid CSTE[8] | ó thíortha is iarrthóirí[9] | ó thríú tíortha | de réir bhrí Airteagal 21(2)(b) den Rialachán Airgeadais |
| | ní bhaineann le hábhar | ní bhaineann le hábhar | ní bhaineann le hábhar | ní bhaineann le hábhar | ní bhaineann le hábhar | ní bhaineann le hábhar |

- Línte nua buiséid atá á n-iarraidh

*<u>In ord</u> cheannteidil agus línte buiséid an chreata airgeadais ilbhliantúil.*

| Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil | Líne bhuiséid | Saghas caiteachais | Ranníocaíocht | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | Uimhir | LD/LN. | ó thíortha de chuid CSTE | ó thíortha is iarrthóirí | ó thríú tíortha | de réir bhrí Airteagal 21(2)(b) den Rialachán Airgeadais |
| | ní bhaineann le hábhar | ní bhaineann le hábhar | ní bhaineann le hábhar | ní bhaineann le hábhar | ní bhaineann le hábhar | ní bhaineann le hábhar |

7 LD = Leithreasuithe difreáilte / LN = Leithreasuithe neamhdhifreáilte.
8 CSTE: Comhlachas Saorthrádála na hEorpa.
9 Tíortha is iarrthóirí agus, nuair is iomchuí, tíortha ó na Balcáin Thiar a d'fhéadfadh a bheith ina n-iarrthóirí.

### 3.2. An tionchar airgeadais a mheastar a bheidh ag an togra ar leithreasuithe

*3.2.1. Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh aige ar leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí*

– ☐ Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí

– ☐ Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí mar a mhínítear thíos:

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| **Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil** | Uimhir | ní bhaineann le hábhar |
|---|---|---|

| Ard-Stiúrthóireacht: <…….> | | | Bliain **N[10]** | Bliain **N+1** | Bliain **N+2** | Bliain **N+3** | Iontráil na blianta ar fad a theastaíonn le fad an tionchair a thaispeáint (féach pointe 1.6) | | | **IOMLÁN** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| • Leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí | | | | | | | | | | |
| Líne bhuiséid[11] | Gealltanais | (1a) | | | | | | | | |
| | Íocaíochtaí | (2a) | | | | | | | | |
| Líne bhuiséid | Gealltanais | (1b) | | | | | | | | |
| | Íocaíochtaí | (2b) | | | | | | | | |
| Leithreasuithe de chineál riaracháin arna maoiniú as imchlúdach na gclár sonrach[12] | | | | | | | | | | |
| Líne bhuiséid | | (3) | | | | | | | | |
| **IOMLÁN leithreasuithe** | Gealltanais | =1a+1b +3 | | | | | | | | |

[10] Is í bliain N an bhliain a chuirfear tús le cur chun feidhme an togra/tionscnaimh. Is gá an chéad bhliain cur chun feidhme a mheastar a bheidh ann a chur in ionad 'N' (mar shampla: 2021). Is gá an rud céanna a dhéanamh i gcás na mblianta eile.

[11] De réir ainmníocht oifigiúil an bhuiséid.

[12] Cúnamh agus caiteachas teicniúil agus/nó riaracháin ar mhaithe le cláir agus/nó bearta de chuid an Aontais (seanlínte 'BA') a chur chun feidhme, taighde indíreach, taighde díreach.

| | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **i gcomhair AS** <…….> | Íocaíochtaí | =2a+2b +3 | | | | | | | | |

| | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| • IOMLÁN leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí | Gealltanais | (4) | | | | | | | | |
| | Íocaíochtaí | (5) | | | | | | | | |
| • IOMLÁN leithreasuithe de chineál riaracháin arna maoiniú as imchlúdach clár sonrach | | (6) | | | | | | | | |
| **IOMLÁN leithreasuithe faoi CHEANNTEIDEAL <….>** den chreat airgeadais ilbhliantúil | Gealltanais | =4+ 6 | | | | | | | | |
| | Íocaíochtaí | =5+ 6 | | | | | | | | |

**Má tá tionchar ag an togra/tionscnamh ar níos mó ná ceannteideal oibríochta amháin, líon isteach an chuid thuas arís i gcás gach ceann de na ceannteidil sin:**

| | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| •IOMLÁN leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí (gach ceannteideal oibríochta) | Gealltanais | (4) | | | | | | | | |
| | Íocaíochtaí | (5) | | | | | | | | |
| IOMLÁN leithreasuithe de chineál riaracháin arna maoiniú as imchlúdach na gclár sonrach (gach ceannteideal oibríochta) | | (6) | | | | | | | | |
| **IOMLÁN leithreasuithe faoi CHEANNTEIDIL 1 go 6** den chreat airgeadais ilbhliantúil (Méid tagartha) | Gealltanais | =4+ 6 | | | | | | | | |
| | Íocaíochtaí | =5+ 6 | | | | | | | | |

| Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil | 7 | ‘Caiteachas riaracháin’ |
|---|---|---|

Chun an chuid seo a líonadh isteach, ba cheart leas a bhaint as na ‘sonraí buiséid de chineál riaracháin’ atá le hiontráil ar dtús san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Ráiteas Airgeadais Reachtach (Iarscríbhinn V a ghabhann leis na rialacha inmheánacha) agus a uaslódáiltear chuig an gcóras DECIDE chun críocha comhairliúcháin idirsheirbhíse.

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| | | Bliain N | Bliain N+1 | Bliain N+2 | Bliain N+3 | Iontráil na blianta ar fad a theastaíonn le fad an tionchair a thaispeáint (féach pointe 1.6) | | | IOMLÁN |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Ard-Stiúrthóireacht: ENER | | | | | | | | | |
| • Acmhainní daonna | | 2,355 | 2,355 | 2,355 | 2,198 | 2,041 | 1,884 | - | **13,188** |
| • Caiteachas riaracháin eile | | 0,080 | 0,150 | 0,150 | 0,150 | 0,150 | 0,150 | - | **0,830** |
| **IOMLÁN AS <…….>** | Leithreasuithe | 2,455 | 2,505 | 2,505 | 2,384 | 2,191 | 2,304 | - | **14,018** |

| | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **IOMLÁN leithreasuithe faoi CHEANNTEIDEAL 7** den chreat airgeadais ilbhliantúil | (Iomlán gealltanas = Iomlán íocaíochtaí) | 2,455 | 2,505 | 2,505 | 2,384 | 2,191 | 2,304 | - | **14,018** |

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| | | Bliain N[13] | Bliain N+1 | Bliain N+2 | Bliain N+3 | Iontráil na blianta ar fad a theastaíonn le fad an tionchair a thaispeáint (féach pointe 1.6) | | | IOMLÁN |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **IOMLÁN leithreasuithe** | Gealltanais | 2,455 | 2,505 | 2,505 | 2,384 | 2,191 | 2,304 | - | **14,018** |

13 Is í bliain N an bhliain a chuirfear tús le cur chun feidhme an togra/tionscnaimh. Is gá an chéad bhliain cur chun feidhme a mheastar a bheidh ann a chur in ionad ‘N’ (mar shampla: 2021). Is gá an rud céanna a dhéanamh i gcás na mblianta eile.

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **faoi CHEANNTEIDIL 1 go 7**<br>den chreat airgeadais ilbhliantúil | Íocaíochtaí | 2,455 | 2,505 | 2,505 | 2,384 | 2,191 | 2,304 | - | **14,018** |

### *3.2.2. An t-aschur a mheastar a chisteofar le leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí n.b.*

Leithreasuithe faoi chomhair gealltanas in EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| **Sonraigh cuspóirí agus aschuir** ⇩ | | | Bliain **N** | | Bliain **N+1** | | Bliain **N+2** | | Bliain **N+3** | | Iontráil na blianta ar fad a theastaíonn le fad an tionchair a thaispeáint (féach pointe 1.6) | | | | | | **IOMLÁN** | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | **ASCHUIR** | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| | Saghas[14] | Meán chostas | Líon | Costas | Líon | Costas | Líon | Costas | Líon | Costas | Líon | Costas | Líon | Costas | Líon | Costas | Líon iomlán | Costas iomlán |
| CUSPÓIR SONRACH Uimh. 1[15]… | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| - Aschur | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| - Aschur | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| - Aschur | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| Fo-iomlán do chuspóir sonrach Uimh. 1 | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| CUSPÓIR SONRACH Uimh. 2... | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| - Aschur | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| Fo-iomlán do chuspóir sonrach Uimh. 2 | | | | | | | | | | | | | | | | | | |

14 Is ionann aschuir agus táirgí agus seirbhísí atá le soláthar (e.g.: líon na malartuithe mac léinn a fhaigheann maoiniú, iomlán km de bhóithre a rinneadh, etc.).

15 Mar a thuairiscítear i bpointe 1.4.2. 'Cuspóirí sonracha...'

| | | | | | | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **IOMLÁIN** | | | | | | | | | | | | | | | | |

*3.2.3. Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh aige ar leithreasuithe de chineál riaracháin*

– ☐ Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe de chineál riaracháin

– ✓ Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe de chineál riaracháin mar a mhínítear thíos:

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| | Bliain N[16] | Bliain N+1 | Bliain N+2 | Bliain N+3 | Iontráil na blianta ar fad a theastaíonn le fad an tionchair a thaispeáint (féach pointe 1.6) | | | **IOMLÁN** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **CEANNTEIDEAL 7 den chreat airgeadais ilbhliantúil** | | | | | | | | |
| Acmhainní daonna | 2,355 | 2,355 | 2,355 | 2,198 | 2,041 | 1,884 | - | **13,188** |
| Caiteachas riaracháin eile | 0,080 | 0,150 | 0,150 | 0,150 | 0,150 | 0,150 | - | **0,830** |
| **Fo-iomlán CHEANNTEIDEAL 7 den chreat airgeadais ilbhliantúil** | 2,455 | 2,505 | 2,505 | 2,384 | 2,191 | 2,304 | - | **14,018** |
| **Lasmuigh de CHEANNTEIDEAL 7[17] of the multiannual financial framework** | | | | | | | | |
| Acmhainní daonna | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | | **0** |
| Caiteachas eile de chineál riaracháin | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | | **0** |
| **Fo-iomlán lasmuigh de CHEANNTEIDEAL 7 den chreat airgeadais ilbhliantúil** | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | | **0** |
| **IOMLÁN** | 2,455 | 2,505 | 2,505 | 2,384 | 2,191 | 2,304 | - | **14,018** |

Cumhdófar na hacmhainní daonna is gá agus caiteachas eile de chineál riaracháin le leithreasuithe ón Ard-Stiúrthóireacht a bhfuil bainistíocht an bhirt faoina gcúram cheana agus/nó atá ath-imlonnaithe laistigh den Ard-Stiúrthóireacht, mar aon le haon leithdháileadh breise a d'fhéadfaí a thabhairt don Ard-Stiúrthóireacht atá i mbun bainistíochta faoi chuimsiú an nós imeachta maidir le leithdháileadh bliantúil i bhfianaise na srianta buiséadacha.

16 Is í bliain N an bhliain a chuirfear tús le cur chun feidhme an togra/tionscnaimh. Is gá an chéad bhliain cur chun feidhme a mheastar a bheidh ann a chur in ionad 'N' (mar shampla: 2021). Is gá an rud céanna a dhéanamh i gcás na mblianta eile.

17 Cúnamh agus caiteachas teicniúil agus/nó riaracháin ar mhaithe le cláir agus/nó bearta de chuid an Aontais (seanlínte 'BA') a chur chun feidhme, taighde indíreach, taighde díreach.

3.2.3.1. Na hacmhainní daonna a mheastar a bheidh riachtanach

- ☐ Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear acmhainní daonna.
- ✓ Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear acmhainní daonna mar a mhínítear thíos:

*Sloinnfear an meastachán in aonaid de choibhéis lánaimseartha*

| | | Bliain **N** | Bliain **N+1** | Bliain **N+2** | Bliain **N+3** | Iontráil na blianta ar fad a theastaíonn le fad an tionchair a thaispeáint (féach pointe 1.6) | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **• Poist don phlean bunaíochta (oifigigh agus foireann shealadach)** | | | | | | | | |
| 20 01 02 01 (Ceanncheathrú agus Oifigí Ionadaíocht an Choimisiúin) | | 15 | 15 | 15 | 14 | 13 | 12 | - |
| 20 01 02 03 (Toscaireachtaí) | | - | - | - | - | - | - | - |
| 01 01 01 01 (Taighde indíreach) | | - | - | - | - | - | - | - |
| 01 01 01 11 (Taighde díreach) | | - | - | - | - | - | - | - |
| Línte buiséid eile (sonraigh) | | - | - | - | - | - | - | - |
| **• Foireann sheachtrach (i gcoibhéis lánaimseartha: FTE)**[18] | | | | | | | | |
| 20 02 01 (AC, END, INT ón 'imchlúdach iomlánaíoch') | | - | - | - | - | - | - | - |
| 20 02 03 (AC, AL, END, INT agus JPD sna toscaireachtaí) | | - | - | - | - | - | - | - |
| **XX** 01 xx **yy zz** [19] | - sa cheanncheathrú | - | - | - | - | - | - | - |
| | - i dtoscaireachtaí | - | - | - | - | - | - | - |
| 01 01 01 02 (AC, END, INT – Taighde indíreach) | | - | - | - | - | - | - | - |
| 01 01 01 12 (CA, INT, SNE – taighde díreach) | | - | - | - | - | - | - | - |
| Línte buiséid eile (sonraigh) | | - | - | - | - | - | - | - |
| **IOMLÁN** | | 15 | 15 | 15 | 14 | 13 | 12 | - |

Is é **XX** an réimse beartais nó an teideal buiséid lena mbaineann.

Soláthrófar na hacmhainní daonna is gá le baill foirne ón Ard-Stiúrthóireacht a bhfuil bainistíocht an bhirt faoina gcúram cheana agus/nó a ath-imlonnófar laistigh den Ard-Stiúrthóireacht, mar aon le haon leithdháileadh breise a d'fhéadfaí a thabhairt don Ard-Stiúrthóireacht atá i mbun bainistíochta faoi chuimsiú an nós imeachta maidir le leithdháileadh bliantúil i bhfianaise na srianta buiséadacha.

Cur síos ar na cúraimí a bheidh le déanamh:

| | |
|---|---|
| Oifigigh agus pearsanra sealadach | Leagtar amach sa togra ollstruchtúr nua feabhsaithe maidir le slándáil an tsoláthair gáis, ina bhfuil oibleagáidí nua ar na Ballstáit agus, dá réir sin, ról treisithe d'Ard-Stiúrthóireacht an Fhuinnimh i raon leathan réimsí – eadhon:<br>• Bainistiú foriomlán agus cur chun feidhme an Rialacháin (1 |

18 AC = Ball foirne ar conradh; AL= Ball foirne áitiúil; END= Saineolaí náisiúnta ar iasacht; INT= Ball foirne gníomhaireachta; JPD = Saineolaithe sóisearacha i dtoscaireachtaí.

19 Fo-uasteorainn d'fhoireann sheachtrach arna cumhdach ag leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí (na seanlínte 'BA').

<table>
<tr><td></td><td>FTE),<br>• Bainistiú ról treisithe an Ghrúpa Comhordaithe Gáis (0.5 FTE),<br>• Faireachán ar rátaí líonta agus gnéithe cur chun feidhme teicniúil a shainiú, amhail conairí a líonadh (lena n-áirítear anailís eacnamaíoch agus theicniúil agus bainistiú sonraí) (1.5 FTE),<br>• Cur chun feidhme dlíthiúil na mbeart dá bhforáiltear in Airteagal 6ú(7) nua (meán bliantúil measta: 5 chinneadh rabhaidh; 2 chinneadh maidir le bearta atá ina roghanna deiridh.) (2 FTE), (2 FTE),<br>• An t-ardán GNL a bhainistiú dá bhforáiltear san Airteagal nua 6b(1) (5 FTE),<br>• Measúnú ar na fógraí maidir le comhroinnt dualgas dá bhforáiltear in Airteagal 6c (1 FTE),<br>• Tuairim maidir le hoibreoirí córais stórála a dheimhniú (3 FTE),<br>• Tacaíocht riaracháin (1 FTE).</td></tr>
<tr><td>Pearsanra seachtrach</td><td>ní bhaineann le hábhar</td></tr>
</table>

### 3.2.4. *Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil reatha*

I gcás an togra/tionscnaimh seo:

– ☐ is féidir é a mhaoiniú ina iomláine trí athshannadh laistigh den cheannteideal ábhartha den Chreat Airgeadais Ilbhliantúil (CAI).

| |
|---|
| Mínigh an cineál athchláraithe a bhfuil gá leis, agus sonraigh na línte buiséid lena mbaineann agus na méideanna comhfhreagracha. Cuir tábla excel ar fáil i gcás athchlárú mór. |

– ☐ is gá an corrlach gan leithdháileadh faoin gceannteideal ábhartha de CAI a úsáid agus/nó na hionstraimí speisialta a shainítear sa Rialachán maidir le CAI a úsáid.

| |
|---|
| Mínigh an méid a bhfuil gá leis, agus sonraigh na ceannteidil agus na línte buiséid lena mbaineann, na méideanna comhfhreagracha agus na hionstraimí atá beartaithe a úsáid. |

– ☐ is gá athbhreithniú ar CAI.

| |
|---|
| Mínigh an méid a bhfuil gá leis, agus sonraigh na ceannteidil agus na línte buiséid lena mbaineann agus na méideanna comhfhreagracha. |

### 3.2.5. *Ranníocaíochtaí ó thríú páirtithe*

I gcás an togra/tionscnaimh seo:

– ☐ ní dhéantar foráil maidir le cómhaoiniú le tríú páirtithe

– ☐ déantar foráil maidir leis an gcómhaoiniú le tríú páirtithe atá réamh-mheasta thíos:

Leithreasuithe in EUR milliúin (go dtí an 3ú deachúil)

| | Bliain **N**[20] | Bliain **N+1** | Bliain **N+2** | Bliain **N+3** | Iontráil na blianta ar fad a theastaíonn le fad an tionchair a thaispeáint (féach pointe 1.6) | | | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Sonraigh an comhlacht cómhaoinithe | - | - | - | - | - | - | - | - |
| IOMLÁN leithreasuithe cómhaoinithe | - | - | - | - | - | - | - | - |

20 Is í bliain N an bhliain a chuirfear tús le cur chun feidhme an togra/tionscnaimh. Is gá an chéad bhliain cur chun feidhme a mheastar a bheidh ann a chur in ionad 'N' (mar shampla: 2021). Is gá an rud céanna a dhéanamh i gcás na mblianta eile.

### 3.3. An tionchar a mheastar a bheidh ar ioncam

– ✓ Ní bheidh tionchar airgeadais ar bith ag an togra ar ioncam.

– ☐ Beidh an tionchar airgeadais seo a leanas ag an togra/tionscnamh:

☐ ar acmhainní dílse

☐ ar ioncam eile

má tá an t-ioncam sannta do línte caiteachais, sonraigh sin ☐

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| Líne buiséid ioncaim: | Leithreasuithe atá ar fáil don bhliain airgeadais reatha | Tionchar an togra/tionscnaimh[21] | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | Bliain **N** | Bliain **N+1** | Bliain **N+2** | Bliain **N+3** | Iontráil na blianta ar fad a theastaíonn le fad an tionchair a thaispeáint (féach pointe 1.6) | | |
| Airteagal …………. | | | | | | | | |

I gcás ioncam ilghnéitheach atá sannta, sonraigh na línte buiséid a n-imrítear tionchar orthu.

| ní bhaineann le hábhar |
|---|

Aon rud eile (e.g. an modh nó an fhoirmle a úsáideadh chun an tionchar ar ioncam a ríomh nó aon fhaisnéis eile).

| ní bhaineann le hábhar |
|---|

21 A fhad a bhaineann le hacmhainní dílse traidisiúnta (dleachtanna talmhaíochta, tobhaigh siúcra), ní mór na méideanna a luaitear a bheith ina nglanmhéideanna, i.e. méideanna comhlána agus 20 % de na costais bhailiúcháin a bheith bainte astu.